An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN RÁITEAS STRAITÉISE 2020

Léargas neamhspleách do chách



Clár an Ábhair

Brollach ón Aire 4

Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir 5

Freagra na Príomh-Oifige Staidrimh ar COVID-19 6

Ár gCuspóirí Straitéiseacha 10

Iarscríbhinn 1: Bearta um Laghdú in Úsáid Fuinnimh 31

Iarscríbhinn 2: Cairt Eagrúcháin 32

Iarscríbhinn 3: Monatóir Tráthúlachta 2020 33

Iarscríbhinn 4: Nochtadh Cleachtas Íocaíochta 36

Iarscríbhinn 5: Nochtuithe Cosanta 37

Brollach

Ba bhliain neamhghnách í 2020, bliain a thug dúshlán do shochaí, do ghnólachtaí agus do shaoránaigh na hÉireann nár tugadh riamh. Bhí sonraí ríthábhachtach le linn na paindéime chun cúrsa an ghalair a rianú, cásanna féideartha a shamhaltú agus an fhreagairt náisiúnta a threorú agus a mheas.

Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh an saineolas staidrimh agus anailíse, chomh maith leis na seirbhísí sonraí nua ar fáil a bhí riachtanach chun tacú le freagairt an rialtais láir. Rinne an Oifig: Mol Taighde Sonraí COVID-19 a sheachadadh, ag baint úsáid as a bonneagar sonraí fíorúla, chun cur ar chumas eipidéimeolaíocht agus saineolaithe eile anailís a dhéanamh ar fhoinsí íogaire sonraí sláinte i dtimpeallacht shábháilte, painéal faisnéise fíor-ama a fhorbairt do Roinn an Taoisigh chun sonraí criticiúla a rianú chun treochtaí atá ag teacht chun cinn a éilíonn freagairt thapa agus le comhpháirtithe, forbairt ar Mhol Sonraí Náisiúnta COVID-19 ar an ardán GeoHive chun léarscáiliú sonraí a éascú le linn na paindéime

In éineacht leis na seirbhísí sonraí nua a forbraíodh chun tacú leis an bhfreagairt náisiúnta, choinnigh an Oifig muintir na hÉireann ar an eolas maidir le tionchar na paindéime ar a sochaí, a ngnólachtaí agus a ngeilleagar. Baineadh é seo amach le suirbhéanna nua a fhorbairt; formáidí nua a fhorbairt, ar nós feasacháin agus aschuir Staitisticí Ceannródaíocha, an Feasachán Básanna agus Cásanna mar shampla, a úsáideann modhanna nua nó foinsí sonraí nua a ligeann don Oifig faisnéis bhreise a sheachadadh d'úsáideoirí agus a chinntiú go ndéantar na srianta a mhíniú agus a thuiscint go maith aschuir nua a sheachadadh mar fhreagairt ar riachtanais úsáideoirí.

Bhí tionchar diúltach ag an bpaindéim ar ghnéithe eile de chlár oibre na hOifige, go príomha na heilimintí sin a raibh idirghníomhaíochtaí duine le duine ag teastáil uathu.

Ba é an rud ba mhó a bhí thíos leis ná Daonáireamh 2021, a cuireadh ar athlá go dtí 2022. Ba iad na tráthanna eile ina cuireadh an Daonáireamh ar athlá ná le linn phaindéim ghalar crúibe is béil agus in 1976, de bharr cúiseanna geilleagracha. Táim ag tnúth leis an Daonáireamh a bheidh ar siúl in Aibreán 2022, mar go bhfuil na léargais a fhoghlaimítear ríthábhachtach chun bonn eolais a chur faoi phleanáil agus déanamh cinntí i réimsí eacnamaíocha agus sóisialta, cinntí a dhéanann an rialtas láir agus áitiúil chomh maith le cinntí a dhéanann gnólachtaí agus an tsochaí.

Bhí áthas orm a fheiceáil gur éirigh leis Oifig an chuid is mó dá clár oibre staidrimh a bhí beartaithe don bhliain 2020 a dhéanamh le linn na paindéime. D'éirigh léi príomhtháscairí sóisialta, comhshaoil, eacnamaíocha agus gnó a fhoilsiú.

Ar ndóigh, ní bheifí in ann aon chuid den obair seo a dhéanamh gan tiomantas fhoireann na hOifige, a d'oibrigh go crua ar son na hÉireann in ainneoin an iliomad dúshlán gairmiúil agus pearsanta a bhí ann le linn 2020. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh agus buíochas a ghabháil le foireann na hOifige. Ní hamháin gur éirigh leo clár oibre staidrimh 2020 a sheachadadh ach léirigh siad a n-intleacht, a n-inniúlacht agus a n-athléimneacht maidir leis an léargas agus an t-eolas atá riachtanach chun freagairt don phaindéim a sholáthar.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom fáilte a chur roimh an tuarascáil seo ar dhul chun cinn 2020 ar Ráiteas Straitéise na Príomh-Oifige Staidrimh a dhíríonn ar dhul chun cinn ar fud aidhmeanna straitéiseacha uile na hOifige in 2020.

JACK CHAMBERS
Príomh-Aoire agus Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh

Réamhrá

Léiríodh níos mó ná riamh le bliain anuas tábhacht na fianaise chun tacú le cinnteoirí agus chun a chinntiú go bhfuil muintir na hÉireann ina gcónaí i sochaí eolasach, cé go nglactar léi agus go dtuigtear i gcónaí í. Ar ndóigh, bhí soláthar seirbhíse leighis, cúram sláinte agus líne tosaigh ar thús cadhnaíochta sa fhreagairt ar an bpaindéim, ach bhain tábhacht nach beag le seachadadh staitisticí tráthúla cruinne chun éifeachtaí COVID-19 ar Éirinn agus a muintir a chainníochtú agus a thomhas. an bhliain seo.

Thaispeáin 2020 dúinn luach na staitisticí oifigiúla agus na hanailíse sonraí chun tacú le sochaí dhaonlathach atá ag feidhmiú go hiomlán a bheith ann. Chuir saineolas staidrimh agus anailíse na Príomh-Oifige Staidrimh, i dteannta le forbairt nuálach seirbhísí sonraí nua, an fhianaise ar fáil chun cabhrú le cinnteoirí a chur ar an eolas agus iad ag forbairt freagraí ar an bpaindéim.

Is uirlis ríthábhachtach é an léargas is féidir le sonraí a sholáthar sa chath i gcoinne COVID-19. Chuir na sonraí seo ar ár gcumas cúrsa na paindéime a rianú, cásanna dóchúla dá héabhlóid a thuar agus a shamhaltú, forbairt réitigh beartais a threorú agus rath na réiteach sin a mheas. Soláthraíonn an Oifig an léargas seo, ní hamháin i gcomhthéacs an chatha i gcoinne na paindéime in 2020 ach gach bliain. Ligeann Staidreamh Oifigiúil ón Oifig dár n-úsáideoirí iad féin a chur ar an eolas faoi chúrsaí sóisialta agus cúrsaí geilleagracha agus úsáid a bhaint as ár gcuid sonraí chun an stát, cinnteoirí agus dreamanna eile a choinneáil cuntasach.

In 2020, chonaic foireann na hOifige fás as cuimse ar an ngá atá le sonraí agus an léargas is féidir a fháil uathu, fad is a bhí cinnteoirí iarracht freagairt do dhúshláin COVID-19 agus a bhí muintir na hÉireann ag iarraidh ciall a bhaint as tionchar na paindéime ar ár sochaí, ár ngnólachtaí agus ár ngeilleagar. Rinneamar foinsí agus aschuir staidrimh na hOifige a oiriúnú chun freagairt don ghá méadaitheach seo le léargas, agus rinneamar iniúchadh ar fhoinsí sonraí nua mar iarracht chun an anailís agus an fhaisnéis riachtanach a sholáthar agus chun teacht in áit na bhfoinsí sonraí príomhúla a dúnadh de bharr shrianta na paindéime.

Níor bhain an t-éileamh seo ar níos mó sonraí agus léargas le 2020 agus leis an bpaindéim amháin; is treocht leanúnach í atá ag síormhéadú agus úsáideoirí ag lorg níos mó léargas ar dhomhandú, geilleagar na seirbhísí, inscne, éagsúlacht, an comhshaol, folláine agus cúram sláinte gan ach cúpla ceann a ainmniú.

Ina ról mar Institiúid Staidrimh Náisiúnta, agus anuas ar sheachadadh an chláir oibre staidrimh pleanáilte don bhliain 2020, chuaigh an Oifig i dtaithí go tapa agus go freagrach ar riachtanais ár n-úsáideoirí tríd an saol mar atá sé do dhaoine agus do ghnólachtaí a léiriú. Leanann an fhoireann orainn ag cabhrú le muintir na hÉireann teacht tríd an tréimhse chorraitheach seo, agus muid ag tacú le plean téarnaimh a fhorbairt.

Rinne taithí na hOifige trí thréimhse na paindéime eolas don Ráiteas Straitéise nua (2020-2023), ráiteas ina bhfuil ról lárnach ag freagrúlacht, foghlaim agus neartú ár gcultúir eagrúcháin. Is rí-shoiléir an meon seo i dtiomantas, cruthaitheacht agus gairmiúlacht fhoireann na hOifige. Tá súil agam go mbeidh cur chuige na nuálaíochta a taispeánadh ar fud na heagraíochta ar cheann de na tionchair mharthanacha a bheidh ag an bpaindéim, cur chuige a bheidh ann i bhfad i ndiaidh dúinn dearmad a dhéanamh ar COVID-19.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann uile na Príomh-Oifige Staidrimh as a n-athléimneacht agus a seachadadh comhsheasmhach le linn shaolré an Ráiteas Straitéise 2016-2019 agus táim ag tnúth le bheith ag obair leo agus spriocanna uaillmhianacha Ráiteas Straitéise 2020-2023 á gcur i gcrích againn.

PÁDRAIG DALTON
Meán Fómhair 2020

Freagra na Príomh-Oifige Staidrimh ar COVID-19

Ba é an fócas sna 6 seachtaine tar éis don Rialtas dianghlasáil a fhógairt, rud a chiallaigh go raibh ar fhormhór fhoireann na Príomh-Oifige Staidrimh (900+ den fhoireann) obair ón mbaile, ná leanúnachas oibre a chinntiú agus an fhoireann ag bogadh chuig córas cianoibre chomh tapa agus ab fhéidir leo, gan cur isteach ar an obair. Chomh luath agus a réitíodh an dúshlán teicneolaíochta maidir le cianrochtain sheasmhach, shlán ar chórais na hOifige, díríodh ar na príomhriachtanais a aithint chun leanúnachas gnó a chinntiú agus chun freagairt do na héilimh mhéadaithe ar mhaithe le tacú leis an bhfreagairt náisiúnta ar an bpaindéim.

Tacú le freagra an rialtais láir ar an bpaindéim

Mhéadaigh an phaindéim an gá le haschuir sonraí fíor-ama a sholáthar chun anailís ó shaineolaithe eipidéimeolaíocha agus Oifig an Taoisigh a éascú, agus tháinig gá le haschuir nua freagracha chun cinn le freagairtí beartais, gnó agus sochaí na hÉireann a chur ar an eolas faoi éifeachtaí na ráige. Thosaigh an Oifig ag obair gan mhoill chun saineolas staitistiúil agus anailíseach, chomh maith le seirbhísí nua sonraí a sholáthar chun tacú leis an bhfreagairt náisiúnta.

- Cuireann an **Mol Taighde Sonraí COVID-19** a d'fhorbair an Oifig ar a gcumas do shaineolaithe speisialaithe, amhail iadsan a bhfuil saineolas acu ar an eipidéimeolaíocht agus ar ábhair ghaolmhara, comhoibriú le rannóga na hOifige chun anailís a dhéanamh ar fhoinsí íogaire sonraí sláinte i dtimpeallacht shábháilte. Beidh an Mol ar fáil níos forleithne le haghaidh taighde leighis faoi struchtúr rialachais arna bhainistiú ag an mBord Taighde Sláinte.
- D'fhorbair an Oifig **painéal faisnéise do Roinn an Taoisigh** mar fhreagairt ar an bpaindéim. Rianaíonn an painéal faisnéise seo, i bhfíor-am, na sonraí criticiúla a sholáthraíonn fianaise ar an ngá le freagairt thapa ar threochtaí áirithe chomh maith le saincheisteanna féideartha atá ag teacht chun cinn a aithint.
- Chomhoibrigh an Oifig le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi), leis an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil agus leis an Ionad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO) in Ollscoil Mhá Nuad, in éineacht leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta chun **Mol Sonraí Náisiúnta COVID-19** a fhorbairt ar an ardán GeoHive chun ligean do léirshamhlú geospásúil le linn na paindéime.
- Tugadh cuireadh d'Ard-Stiúrthóir na hOifige a bheith páirteach i **mBord Maoirseachta na Foirne Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHET).**

Tionchar diúltach ag COVID-19 ar aschuir na hOifige

I measc na hoibre ba mhó a raibh tionchar diúltach ag an bpaindéim uirthi bhí obair ina raibh idirghníomhaíocht duine le duine le freagróirí an tsuirbhé ag teastáil.

- Ba é an rud ba mhó a bhí thíos leis ná Daonáireamh 2021, a cuireadh ar athlá go dtí 2022.
- Cuireadh suirbhéanna píolótacha don Chlár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach (PIAAC); an Suirbhé ar Fhoréigean Gnéasach agus Suirbhé Buiséid an Líon Tí ar athló.
- Cuireadh deireadh le hagallaimh duine le duine do shuirbhéanna eile ar líonta tí, agus tugadh réitigh theicneolaíocha nua agus roghanna bailithe mód measctha isteach ina n-áit.
- Nuair nach raibh sé indéanta a thuilleadh do bhaill foirne bailithe praghsanna cuairt a thabhairt ar shiopaí, chuir an Oifig modhanna malartacha bailiúcháin i bhfeidhm (suirbhéireacht teileafóin, praghsáil ar líne agus tacair sonraí praghsála), lena chinntiú go bhféadfaí an Praghasinnéacs Tomhaltóirí (PIT), an tInnéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí (HICP) agus na fo-innéacsanna ábhartha uile a chur i dtoll a chéile fós.

- Cuireadh bailiúchán Staitisticí Turasóireachta ag aerfoirt agus calafoirt farraige ar fionraí ó Mhárta 2020 agus cuireadh Suirbhé Taistil an Líon Tí, ar suirbhé míosúil é, ar fionraí ar feadh roinnt míonna in 2020.

Aschuir nua - Léargas a sholáthar do shochaí, ghnólachtaí agus lucht déanta beartas na hÉireann

In éineacht leis na seirbhísí sonraí nua a forbraíodh chun tacú leis an bhfreagairt náisiúnta, d'fhorbair an Oifig sraith suirbhéanna, aschuir agus formáidí nua chun staid athraitheach ghnéithe de gheilleagar agus de shochaí na hÉireann a ghabháil ó ráig COVID-19.

- D'fhorbair an Oifig **Mol Faisnéise COVID-19 ar a suíomh gréasáin**, áit a bhfuil sonraí ar fáil a fuarthas ó raon leathan foinsí lena n-áirítear Banc Ceannais na hÉireann, ranna rialtais agus comhlachtaí eile stáit agus foinsí idirnáisiúnta mar aon le staitisticí na hOifige. Gabhann an mol staid athraitheach maidir leis an ngeilleagar, margadh an tsaothair, an tsochaí, folláine, sláinte, iompar, fuinneamh agus turasóireacht.

- Thug an Oifig **Suirbhé ar Thionchar COVID-19 ar Ghnólachtaí** isteach in Aibreán 2020 chun príomhghnéithe thionchar na paindéime ar ghnó in Éirinn a thomhas agus tuairisciú go tapa air. Bailíodh seacht dtonn den suirbhé chun tionchair COVID-19 a mheas agus meastacháin a sholáthar ar an líon gnólachtaí a lean ar aghaidh ag trádáil agus an éifeacht a bhí ar a láimhdeachas, ar a gcostais agus ar líon na bhfostaithe.

- D'fhoilsigh an Oifig anailís faoin rangúchán *Staitisticí Ceannródaíocha* ar ***Comharthaí Beochta Gnólachtaí: Tacaíocht Stáit***, sraith staidrimh a cruthaíodh chun scrúdú a dhéanamh ar athruithe in earnáil gnó na hÉireann le linn na paindéime COVID-19. Nascann an eisiúint, a foilsíodh i mí na Nollag 2020, foinsí sonraí riaracháin anailísithe chun léargas a thabhairt ar ghlacadh gnó le tacaíocht phárolla COVID-19 an Stáit, lena n-áirítear an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP), an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) agus an Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéime (ÍDP).

- Thug an Oifig an **Suirbhé ar Impleachtaí Sóisialta COVID-19** isteach in Aibreán 2020 chun tionchar na paindéime ar an tsochaí a thomhas agus tuairisciú go tapa air agus chun an tsochaí agus cinnteoirí a chur ar an eolas. Sa chéad bhabhta den suirbhé, díríodh ar ábhair ar nós folláine, ábhair imní pearsanta, tomhaltas, an saol oibre agus cloí le comhairle oifigiúil COVID-19.

Sa dara leagan den suirbhé tuairiscíodh ar **Eispéiris na Paindéime agus a bhfuiltear ag súil leis ina diaidh** agus **Leibhéil Compoird le Maolú Srianta a Thomhas.**

- Áiríodh sna heisiúintí nua eile a seachadadh **Saol ar líne le linn COVID-19, Úsáid TFC le linn COVID-19, Éifeachtaí Fostaíochta agus Saoil ag COVID-19, Impleachtaí Sóisialta COVID-19 faoi Shrianta Leibhéal 5, Meon Daoine faoin Nollaig agus faoi Thaisteal Idirnáisiúnta.**

- Forbraíodh freisin feasachán nua darb ainm **Léargas ar COVID-19: Básanna agus Cásanna**. Foilsíodh ocht n-eagrán déag den fheasachán in 2020 le hanailís a chuimsigh beagnach gach gné de shonraí leighis COVID-19, lena n-áirítear miondealuithe socheacnamaíocha. Cuireadh tuilleadh anailíse maidir le sonraí faoi atreoruithe ón bpobal (m.sh. ó dhochtúir teaghlaigh) agus tástáil sa phobal leis an bhfeasachán i Meán Fómhair 2020.

- Tugadh faoi anailís eile faoin bhrat *Léargas ar COVID-19*, agus bhain an chéad eisiúint den cur chuige leathnaithe sin le **Gluaisteacht le linn na Paindéime.**

- D'fhonn trédhearcacht a sholáthar maidir le tionchar COVID-19 ar mhargadh an tsaothair, tugadh isteach roinnt aschur agus beart nua. Foilsítear **Bearta Coigeartaithe Fostaíochta agus Dífhostaíochta COVID-19** i gcónaí mar chuid den Suirbhé ar an Lucht Saothair (SLS) agus mar chuid de na Meastacháin Dífhostaíochta Míosúla ó Mhárta 2020. Foilsítear nuashonruithe freisin ina bhfuil miondealuithe mionsonraithe ar líon na ndaoine atá ar an gClár Beo nó a fhaigheann tacaíochtaí ioncaim COVID-19.

- Foilsíodh an chéad eagrán den tsraith **Léargas ar an Margadh Saothair** in éineacht le torthaí an SLS le haghaidh Ráithe 2 2020. Tá an eisiúint seo, ar stíl an fheasacháin í, deartha chun anailís bhreise ardleibhéil a sholáthar d'úsáideoirí taobh leis na torthaí agus na slata tomhais reatha. Faightear na sonraí ón SLS agus ó na tacair sonraí riaracháin. Foilsíodh ceithre eagrán go dtí seo.

- D'fhorbair an Oifig grafaicí idirghníomhacha nua, grafaicí faisnéise, formáidí nua (Feasacháin agus Staitisticí Ceannródaíocha) agus aschuir chun an léargas breise a theastaíonn ón bpobal, ó ghnólachtaí agus ó lucht déanta beartas ar thionchar na paindéime a sholáthar.

Pleanáil chorparáideach agus pleanáil straitéiseach a sheachadadh go leanúnach

Leanadh den obair a bhaineann le Pleanáil Straitéiseach agus Chorparáideach

Chríochnaigh agus d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh na nithe seo a leanas:

- Straitéis deich mbliana, dar teideal CSO 2030
- Ráiteas Straitéise nua 2020-2023 agus
- Straitéis Cháilíochta 2020-2023

Tugadh na dúshláin nua a tháinig chun cinn de bharr na paindéime agus an staid chianoibre isteach i gClár Riosca Corparáideach 2020. Aithníodh na dúshláin a bhaineann le bainistíocht ar fhoireann atá ag obair go cianda, le cumarsáid, le tacaíochtaí teicneolaíochta a sholáthar agus infhaighteacht uirlisí comhoibrithe mar rioscaí nua nó méadaithe i gcomhthéacs na paindéime.

Foireann na hOifige
Leanadh den earcaíocht agus soláthraíodh córas earcaíochta nua ar líne. Reáchtáladh sé chomórtas ag baint úsáid as an gcóras go dtí seo, lena n-áirítear an comórtas do Staitisteoir/Anailísí Sonraí agus comórtas do Chomhairleoir Dlí.

Leanadh le hionduchtú foirne nua san Oifig lena n-áirítear baill foirne chun tacú le Daonáireamh Talmhaíochta 2020, an Ceann Forfheidhmithe, Rialachais agus an Rannáin Dlí (Príomhoifigeach), Preasoifigeach agus Príomhoifigeach Faisnéise nua. Lean an phróiseáil ar scor, sosanna gairme agus saoire ar aghaidh mar is gnách.

D'aithin an Phríomh-Oifig Staidrimh an tábhacht a bhaineann le scrúdú a dhéanamh ar thionchar na paindéime ar a foireann. Reáchtálamar suirbhé rúnda foirne chun freagraí foirne a fháil maidir leis an gcianobair, chun a gcuid riachtanas agus a meanma a mheas, chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar shástacht na foirne leis na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh D'fhreagair 83% den fhoireann. Rinneadh na torthaí a roinnt leis na réimsí corparáideacha ábhartha go léir agus cuireadh isteach iad i bplé ar phleanáil agus ar thacaíochtaí freagartha COVID-19. Tá tacaíochtaí folláine curtha i bhfeidhm in éineacht le tacaíochtaí teicneolaíochta chun ligean don fhoireann oibriú ón mbaile. Tá suirbhé foirne eile á phleanáil.

Bhí cumarsáid rialta ann ón mBord Bainistíochta agus ón Ard-Stiúrthóir, agus cuireadh ardáin nua i bhfeidhm chun tacú le cruinnithe, nuachtlitir foirne nua agus leathanach nuachta foirne ar an suíomh gréasáin.

Pleanáil le haghaidh filleadh ar na hoifigí agus ar obair allamuigh

Tá **Plean Freagartha cuimsitheach COVID-19**, i gcomhréir le riachtanais an Phrótacail um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte a d'fhoilsigh an Roinn Fiontar, Gnó agus Nuálaíochta i bhfeidhm anois agus tá súil ghéar á coinneáil ag Foireann Freagartha COVID-19 air, lena n-áirítear Príomhionadaithe Oibre.

Cuireadh gach oiriúnú sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm i ngach ceann de thrí fhoirgneamh na hOifige (Pointí sláintíochta méadaithe, córais aonbhealaigh, scáileáin, tinreamh rialaithe i ngach foirgneamh chun sábháilteacht a chinntiú, teachtaireachtaí sábháilteachta méadaithe, laghdú ar phointí tadhaill, laghdú ar an líon a cheadaítear i seomraí cruinnithe, infhaighteacht mhéadaithe uirlisí cumarsáide, agus úsáid trealamh cosanta pearsanta nuair is gá).

Tá **Beartas Oibre Cumaiscthe** á fhorbairt chun cur ar chumas na foirne bogadh ón gcianobair go dtí staid oibre ina bhfuil meascán den chianobair agus obair ar an ngort/san oifig. Tá príomhphrionsabail na hOibre Cumaiscthe á gcomhaontú go lárnach le gach Roinn agus Oifig á gcur in oiriúint de réir mar is gá. Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh i gceannas ar an bhfoireann láraithe atá ag tabhairt faoin obair seo. Tá Stiúrthóireacht Teicneolaíochta na hOifige ag iniúchadh na n-uirlisí agus na dtacaí a theastaíonn chun patrún oibre hibrideach na todhchaí a chur i bhfeidhm.

Tá pleanáil ar siúl freisin maidir le **foireann allamuigh ag filleadh** go sábháilte chun an ghoirt. Thug Aonad Bailithe na Suirbhéanna Líon Tí faoi thriail ar scála beag ina raibh 10 mball den fhoireann agus 100 líon tí páirteach chun cabhrú le filleadh níos cuimsithí ar obair allamuigh a phleanáil nuair a thiocfadh maolú ar shrianta COVID-19. Tá pleananna comhchosúla á ndéanamh maidir leis na baill foirne a bhailíonn praghsanna tomhaltóirí chun a chinntiú go bhfillfidh siad go sábháilte ar a bheith ag dul isteach i siopaí. Cuireadh na pleananna seo ar sos ag deireadh 2020 mar gheall ar na srianta Leibhéal 5 a bhí i bhfeidhm ag an am.

Tá an Oifig ag athbhreithniú agus ag nuashonrú an Phlean Leanúnachais Gnó lena chinntiú go mbeidh gach rud a foghlaimíodh ón bpaindéim mar bhonn eolais don chéad leagan eile.

Aschuir a seachadadh mar is gnách in ainneoin COVID-19

D'aithin Bord Bainistíochta na Príomh-Oifige Staidrimh na haschuir seo a leanas mar aschuir staidrimh chriticiúla i gcás géarchéime

• **Onnmhairí agus Allmhairí Earraí (Míosúil)**	• **Suirbhé ar an Lucht Saothair**
• **Cuntais Náisiúnta (Ráithiúil)**	• **Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála**
• **Easnamh agus Fiachas Rialtais**	• **Dífhostaíocht Mhíosúil agus an Beochlár**
• **Comhardú na nÍocaíochtaí (Ráithiúil)**	• **Meastacháin ar Bhreitheanna, Básanna agus Daonra**
• **Praghasinnéacs Tomhaltóirí agus Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí**	• **Praghasinnéacs Mórdhíola**
• **Praghasinnéacs Miondíola**	• **Táirgeadh Tionscail agus Láimhdeachas Míosúil**

Lean an Oifig ag foilsiú na dtáscairí eacnamaíocha seo agus príomhtháscairí eacnamaíocha eile agus rinne sí rianú ar thionchar na géarchéime ar earnálacha gnó agus ar an ngeilleagar.

Bliain	Eisiúintí a foilsíodh	Eisiúintí a bhí dofhoilsithe mar gheall ar COVID-19	Eisiúintí nua a foilsíodh de bharr COVID-19
2020	**432**	**10**	**22 *** eisiúint uathúil nua spreagtha ag COVID-19 (31/12/2020)**

*** Foilseacháin aonuaire a bhí i roinnt eisiúintí, bhí roinnt foilseachán ag cuid eile, na staitisticí Básanna agus Cásanna COVID-19 mar shampla, a raibh 18 eagrán aonair acu. Rinneadh 59 eisiúint ar fud na 22 ábhar uathúla.

Ár gCuspóirí Straitéiseacha

1. Eolas agus Faisnéis do chách a dhéanamh de shonraí agus staitisticí

Cuspóir Straitéiseach 1.		Dul Chun Cinn sa Bhliain 2020
Eolas staitistiúil atá tráthúil, ábhartha agus beacht a sheachadadh	Ár gclár oibre staidrimh leathan a sheachadadh	• In 2020 chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh 432 eisiúint agus foilseachán leictreonach ar fáil: - 362 eisiúint - 70 foilseachán agus d'eisigh sí 141 preasráiteas • I measc na dtáirgí nua a eisíodh in 2020 bhí: - An Saol ar líne le linn COVID-19 - Anailís ar Bhunchúiseanna Báis, lena n-áirítear COVID-19 - Anailís Fostaíochta i ndáil le Sochair Máithreachais agus Atharthachta - Breacadh na hOíche – Solas saorga in Éirinn a mheas ó íomhánna satailíte - Ciontóirí 2016: Fostaíocht, Oideachas agus Iarmhairtí eile, 2016-2019 - Comharthaí Beochta Gnólachtaí - Daonáireamh na hÉireann: Dearcadh Comhshaoil - Éifeachtaí Fostaíochta agus Saoil ag COVID-19 - Feasachán Iompair - Feasachán Margadh Saothair: Féinriar Poist agus Brú ag an Obair - Feasachán Margadh Saothair: Solúbthacht ag an obair - Fiontair Ardfháis - Fóirdheontais Breoslaí Iontaise - Imréitigh Máil ar Bhreoslaí - Léargas ar COVID-19 - Modúl SILC ar Leanúint Míbhuntáiste ó Ghlúin go Glúin - SFInna na hÉireann - Sprioc 1: Deireadh le Bochtaineacht - SFInna na hÉireann - Sprioc 2: Deireadh le hOcras - SFInna na hÉireann - Sprioc 3: Dea-Shláinte agus Folláine - SFInna na hÉireann - Sprioc 4: Oideachas den scoth - SFInna na hÉireann - Sprioc 5: Cothromas Inscne

- Slite Beatha i mBaol Féideartha ó COVID-19
- Staitisticí Aerthaistil agus Muirthaistil
- Suirbhé ar Impleachtaí Gnó ag COVID-19
- Suirbhé ar Impleachtaí Sóisialta ag COVID-19
- Suirbhé ar Impleachtaí Sóisialta ag COVID-19: Eispéiris na Paindéime agus a bhfuiltear ag súil leis ina diaidh
- Suirbhé ar Impleachtaí Sóisialta ag COVID-19: Meon Daoine faoin Nollaig agus faoi Thaisteal Idirnáisiúnta
- Suirbhéireacht Sláinte na hÉireann 2019 - Cúramóirí agus Tacaí Sóisialta
- Suirbhéireacht Sláinte na hÉireann 2019 - Daoine le Míchumas
- Suirbhéireacht Sláinte na hÉireann 2019 - Príomhthorthaí
- Tionacht agus Líonta Tí in Éirinn
- Tionchar ag Scéimeanna Taca Ioncaim COVID-19 Roghnaithe ar Fhostaithe
- Tithíocht Shóisialta in Éirinn - Anailís ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)
- Úsáid TFC le linn COVID-19

- Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith 2020 maidir leis an **Staidéar 'Ag Fás Aníos in Éirinn' (AFAÉ)** a aistriú go dtí an Phríomh-Oifig Staidrimh. Cuireadh Meabhrán Tuisceana foirmiúil i bhfeidhm, a rialaíonn an chuid eile den idirthréimhse agus rialachas AFAÉ sa todhchaí, idir an Phríomh-Oifig Staidrimh agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

  D'aontaigh an Oifig agus an Roinn ar Threoir Dhearaidh, treoir a leagann amach sceideal uaillmhianach bailithe sonraí thar an tréimhse 2023-2030.

  Tá aistriú sonraí AFAÉ chuig an Oifig ar siúl agus tá foireann na hOifige ag obair go dlúth le Foireann Staidéir AFAÉ chun an suirbhé nua a leabú i gcórais na hOifige in am don chéad bhabhta bailithe sonraí i 2023.

- Is suirbhé é **An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach** (PIAAC) a d'fhorbair an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) a thomhaiseann inniúlacht daoine fásta i bpríomhscileanna próiseála faisnéise - litearthacht, uimhearthacht agus réiteach fadhbanna oiriúnaitheach. D'aontaigh an Oifig an suirbhé seo a dhéanamh thar ceann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le bailiú allamuigh an phríomhstaidéir sceidealaithe do 2022/2023 agus foilsiú na dtorthaí le tarlú in 2024. Tá obair tosaithe ar an suirbhé a logánú agus tá leagan píolótach den suirbhé le déanamh in 2021.

- An aidhm atá leis an **Suirbhé ar Fhoréigean Gnéis** (SFG) ná leitheadúlacht an fhoréigin ghnéasaigh in Éirinn a ghabháil. Toisc gur cuireadh clár píolótach SFG ar ceal in 2020, dhírigh obair in 2020 ar an suirbhé a athdhearadh chun na sonraí pearsanta íogaire seo a bhailiú ar bhealach atá rúnda, eiticiúil agus indéanta i dtimpeallacht COVID-19.

  Tá píolóta den SFG le reáchtáil in 2021 mar "Suirbhé ar Shábháilteacht an Duine", lena ndéanfar tástáil ar na nósanna imeachta allamuigh, tástáil ar an gceistneoir, agus óna mbainfear ceachtanna tábhachtacha d'fhorbairt an phríomhshuirbhé.

- Lean an Oifig ag laghdú an ualaigh ar fhreagróirí agus léiríonn **Tomhas Ualach Freagartha** de chuid na hOifige go raibh an t-ualach ar ghnólachtaí agus ar fheirmeacha a cuid suirbhéanna a chomhlánú 37.7% níos ísle in 2019 ná deich mbliana roimhe sin in 2009. Is ionann an laghdú seo agus laghdú 3% ar an ualach ó 2018. I gcomparáid le 2013, bhí an t-ualach 15.9% níos ísle.

  Léiríonn an laghdú marthanach seo an úsáid níos mó a bhaintear as foinsí sonraí riaracháin agus athdhearadh leanúnach ar shamplálacha suirbhé agus ar cheistneoirí.

- I mí Eanáir 2020, d'fhoilsigh an Oifig **Fíricí agus Figiúirí na hÉireann 2019**, achoimre cuimsitheach staidrimh maidir le hÉirinn, ag úsáid réimse sonraí a d'fhoilsigh an Oifig sa bhliain roimhe.

  Cuimsíonn an foilseachán seo réimse leathan ábhar ar nós Daonra; Imeachtaí Saoil (Breitheanna, Póstaí, Básanna); Fostaíocht agus Dífhostaíocht; Sláinte; Comhshaol; Comhionannas agus Idirdhealú; Oideachas; agus Úsáid TFC.

- Foilsíodh i mí Eanáir torthaí an **tSuirbhé ar Airgeadas agus Tomhaltas Líon Tí (SATLT) 2018**, an chéad cheann ó 2013. Chuir an tuarascáil torthaí an SATLT 2018 i láthair, a rinneadh idir Aibreán 2018 agus Eanáir 2019, le faisnéis mhionsonraithe ar shócmhainní tí agus dliteanais, chomh maith le hollioncam agus srianta creidmheasa.

- I mí Feabhra d'fhoilsigh an Oifig an chéad cheann i sraith foilseachán a úsáidfear chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag Éirinn i dtreo a spriocanna faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna na hÉireann). Chuir an tuarascáil sonraí i láthair maidir le gach ceann de tháscairí SFI na Náisiún Aontaithe faoi **Sprioc 1 - Deireadh le Bochtaineacht**, lena n-áirítear miondealuithe de réir tíreolaíochta, inscne agus aoisghrúpa nuair atá siad ar fáil. Bhí ceithre fhoilseachán SFI eile ann in 2020.

- Foilsíodh **Fiontair Ardfháis 2017** i mí Feabhra, eisiúint nua ina sonraítear méid agus tréithe fiontar ardfháis i ngeilleagar gnó na hÉireann.

- Scaoil an Oifig **Slite Beatha i mBaol Féideartha ó COVID-19**, anailís thurgnamhach, ag baint úsáid as taighde idirnáisiúnta a foilsíodh roimhe seo, de ghrúpaí gairme maidir le cé chomh cóngarach go fisiciúil do dhaoine eile atá oibrithe nuair a dhéanann siad a bpost reatha.

  Ag baint úsáid as an anailís sin, mar aon le faisnéis ó Dhaonáireamh 2016, ullmhaíodh an eisiúint chun cabhrú le léargas breise a thabhairt ar nochtadh féideartha ar COVID-19 in Éirinn.

- Tugadh faoin **Suirbhé ar Impleachtaí Sóisialta COVID-19** in Aibreán 2020 chun an tionchar a bhí ag COVID-19 ar shochaí na hÉireann a thomhas, tionchar na paindéime sa réimse seo a thomhas agus tuairisciú go tapa air agus chun an tsochaí agus cinnteoirí a chur ar an eolas. Chlúdaigh an chéad tonn seo den suirbhé ábhair ar nós folláine, ábhair imní pearsanta, tomhaltas, an saol oibre agus comhlíonadh le comhairle oifigiúil COVID-19.

  Rinneadh an dara leagan den suirbhé i Meitheamh 2020. Táirgeadh aschuir nua eile a bhaineann le hathruithe sóisialta freisin.

- Eisiúint faoin bhrat *Staitisticí Ceannródaíocha*, **Ciontóirí 2016: Fostaíocht, Oideachas agus Iarmhairtí eile, 2016-2019**. Tá sé bunaithe ar dhaoine a áiríodh i bpríosúin na hÉireann ar Oíche an Daonáirimh 2016 agus díríonn sé ar théamaí eacnamaíocha, oideachais, tithíochta agus eile.

- Gach bliain, mar chuid den rialachán rialaithe, bíonn ceisteanna breise sa **Suirbhé ar an Lucht Saothair** (SLS), a dhéantar i mballstáit ar fud na hEorpa, ar théamaí ar leith a bhaineann leis an Margadh Saothair. Cuireadh an modúl maidir le Féinriar Poist agus Brú ag an Obair ar fáil in 2020.

- Foilsíodh **Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2020** ar Lá Staidrimh na hEorpa (20 Deireadh Fómhair 2020). Cruthaíodh an foilseachán le tacaíocht ó roinnt foirne a bhí go léir ag obair go cianda mar gheall ar COVID-19.

  Díríodh ar thionchar na paindéime, ach tá réimse leathan sonraí san fhoilseachán freisin a sholáthraíonn pictiúr cuimsitheach de shochaí na hÉireann.

- I mí na Samhna 2020, d'fhoilsigh an Oifig **Tithíocht Shóisialta in Éirinn - Anailís ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP).**

		Forbraíodh an tuarascáil i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus is sampla í de na tionscadail taighde a bhaineann le beartas atá á bhforbairt againn mar chuid de ról ceannaireachta na hOifige gCóras Staidrimh na hÉireann. • **Breacadh na hOíche – Solas saorga in Éirinn a mheas ó íomhánna satailíte, 2015-2019** foilseachán eile faoin mbrat *Staitisticí Ceannródaíocha* ón Oifig. Úsáideann sé sonraí satailíte chun meastacháin a sholáthar ar astaíochtaí solais shaorga na hÉireann ar bhonn náisiúnta, ar bhonn contae agus ar bhonn áitiúil. Is í seo an chéad tuarascáil ón Oifig a bunaíodh ar shonraí satailíte agus féachann sí le taispeáint conas a d'fhéadfaí Mórshonraí mar íomhánna satailíte a úsáid chun staitisticí ábhartha d'ardchaighdeáin a tháirgeadh. • Tá aschur *Staitisticí Ceannródaíocha* eile, **Anailís ar Bhunchúiseanna Báis, lena n-áirítear COVID-19** bunaithe ar bhásanna a tharla idir an 1 Eanáir 2020 agus an 31 Deireadh Fómhair 2020, a cláraíodh le hOifig an Ard-Chláraitheora agus a cuireadh in iúl don Phríomh-Oifig Staidrimh ina dhiaidh sin.
	Léargas níos fearr a sholáthar ónár n-aschuir staitistiúla trí chumarsáid feabhsaithe lena n-áirítear léirshamhlú agus nascadh le haschuir eile staitistiúla	• Lean an Oifig ag eisiúint féilire a d'aibhsigh imeachtaí féilire agus spóirt agus rinne sí uasdátú ar an bhfeidhmchlár *Baby Names of Ireland.* Eisíodh 150 grafaic faisnéise san iomlán in 2020, i mBéarla agus i nGaeilge. Is í aidhm na ngrafaicí faisnéise ná feasacht a mhúscailt ar an bhfaisnéis atá ar fáil ón Oifig. • **Bonn John Hooper** Fógraíodh na torthaí don deichiú comórtas de chuid Phóstaer Staidrimh John Hooper d'iar-bhunscoileanna i mí Dheireadh Fómhair 2020. Leanann an comórtas ag spreagadh scoláirí iar-bhunscoile chun staitisticí a úsáid. • **Eolaí Óg – Gradam um Úsáid Sonraí Oscailte CSO** Gach bliain déanann an Oifig urraíocht ar ghradam ag Comórtas Eolaí Óg BT, gradam a bhronntar as ucht an úsáid is fearr de Shonraí Oscailte na Príomh-Oifige Staidrimh. Tá an gradam dírithe ar dhaoine óga a spreagadh chun sonraí oscailte a úsáid agus tugtar í don úsáid is nuálaí, nó don úsáid fhéideartha, as sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh. Bronnadh an Gradam don Úsáid is Fearr as Sonraí Oscailte na Príomh-Oifige Staidrimh in 2020 ar Chiarán Meers, Coláiste an Spioraid Naoimh, Corcaigh as a thionscadal i gCatagóir Aonair Sinsearach na nEolaíochtaí Sóisialta agus Iompraíochta.

Réimse ár dtáirgí agus seirbhísí staitistiúla a fhairsingiú	Inniúlacht inmheánach a chothú le freagairt níos éifeachtúla do na riachtanais sonraí atá ag úsáideoirí	• Tá an Oifig ag obair go dlúth leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an treoir nua, **Treoir 'Sonraí Oscailte agus Faisnéise ón Earnáil Poiblí a Athúsáid' (Treoir (AE) 2019/1024)** a chur i bhfeidhm. Tá sí le trasuí i ndlí na hÉireann faoi Iúil 2021. Is leas poiblí iad torthaí staidrimh agus tá an Oifig ag comhlíonadh riachtanais na treorach seo trí bhunachar sonraí staidrimh PxStat, uirlis a chuireann ar chumas staitisticí na hOifige a rochtain trí Chomhéadain Feidhmchláir agus íoslódálacha iomlána comhad.
	Tacar feabhsaithe aschuir a fhoilsiú ó Dhaonáireamh 2016	• Chinn an Rialtas i Meán Fómhair 2020 **Daonáireamh 2021** a chur siar ar feadh bliana mar gheall ar COVID-19. Beidh an Daonáireamh ar siúl anois ar an **3 Aibreán 2022**. Tá súil ag an Oifig clár iomlán foilseacháin daonáirimh a sheachadadh in 2023, lena n-áireofar eisiúintí téamacha, Staidreamh Daonra um Cheantair Bheaga (SAPS) agus Áit Oibre, Scoile nó Coláiste - Áireamh ar Thaifid gan Tréithe Pearsanta Luaite (POWSCAR). Tá an Oifig ag pleanáil le haghaidh comhfhoilseacháin daonáirimh Éire-Tuaisceart Éireann le Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann (NISRA), agus staidreamh mionsonraithe daonáirimh a tháirgeadh le foilsiú sa Mol Daonáirimh de chuid Eurostat. Tá an Oifig ag smaoineamh ar an bhféidearthacht atá ann táirgí staidrimh nua a chruthú agus ar bhealaí breise scaipthe a dhéanfaidh leas do gach úsáideoir staidrimh.
	Aschuir ar chuntais fuinnimh agus comhshaoil a mhéadú agus a fhorbairt	In 2020, chríochnaigh an Oifig: • Eisiúint staidrimh nua *Fóirdheontais Bhreosla Iontaise* • Eisiúint staidrimh nua *Imréitigh Mháil ar Bhreoslaí* • Tuarascáil nua *An Daonáireamh: Dearcadh Comhshaoil*, • Agus cuireadh dhá Chomhad Micreashonraí Taighde nua ar fáil do thaighdeoirí
	Ár staitisticí maicreacnamaíocha a fhorbairt chun breis eolais a sholáthar ar gheilleagar intíre na hÉireann	• In **Táirgiúlacht in Éirinn 2018** cuireadh an anailís is déanaí ón Oifig i láthair maidir le forbairtí táirgiúlachta i nGeilleagar na hÉireann ó 2000 i leith. San fhoilseachán seo, cuirtear réimse leathan táscairí i láthair lena n-áirítear Táirgeacht Saothair, agus aschuir eile

		a bhaineann le KLEMS (Caipiteal/Saothar/Fuinneamh/ Ábhair/Seirbhísí) agus QALI (Ionchur Saothair Coigeartaithe de réir Cáilíochta). Chomh maith le torthaí do 2018 a áireamh agus an tsraith ama a leathnú, ba é fócas an fhoilseacháin seo an anailís a cuireadh i láthair i dtosach in 2019 ar KLEMS agus QALI a chomhdhlúthú. Mar thoradh air seo, cuireadh sraith táirgiúlachta iomláine san áireamh don dá chreat seo a chuimsigh na 21 earnáil eacnamaíocha go léir thar an tréimhse 18 mbliana.
Ábharthacht na sonraí a chinntiú agus a n-úsáid a chur chun cinn	Riachtanais custaiméirí a shainaithint agus freastal orthu go réamhghníomhach	• D'óstáil an Oifig an chéad chruinniú den **Ghrúpa Comhairleach um Eitic Staitisticí Sóisialta** i mí na Nollag 2020. De réir mar a leanann an t-éileamh ar staidreamh ag fás, go háirithe i réimsí sóisialta íogaire, aithnítear i gcúinsí áirithe gurb é an dea-chleachtas ná athbhreithniú neamhspleách eiticiúil a dhéanamh ar fhorbairtí modheolaíochta staidrimh. Oibreoidh an grúpa ar bhonn neamhspleách agus tabharfaidh siad comhairle agus treoir d'Ard-Stiúrthóir na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le haon saincheisteanna eiticiúla a shainaithníonn sé maidir le haon ghnéithe de chur i bhfeidhm mhodheolaíocht an tsuirbhé a atreoraítear chuige lena mbreithniú. Cuireadh de chúram ar an gcéad chruinniú den Ghrúpa Eitice Staitisticí Sóisialta an leagan píolótach den Suirbhé ar Fhoréigean Gnéasach a mheas ó pheirspictíocht eiticiúil de.
	Feabhas a chur ar chumarsáid agus rochtain ar ár dtáirgí staitistiúla agus a n-úsáid a chur chun cinn	• Seoladh an t-ardán bunachar sonraí nua de chuid na hOifige, **PxStat,** i rith na bliana. Soláthraíonn an t-ardán seo eispéireas úsáideora níos fearr, rochtain níos éasca ar shonraí don phobal agus deiseanna feabhsaithe léirshamhlaithe sonraí. Ó seoladh an t-ardán, chuir an fhoireann cumarsáide digití oiliúint agus seimineáir ghréasáin ar fáil d'úsáideoirí inmheánacha agus seachtracha. Fuarthas aiseolas an-dearfach ó na seisiúin seo.
	Úsáid micreashonraí ar mhaithe le taighde staitistiúil a éascú a thuilleadh	• Mar thoradh ar an bpaindéim agus a tionchar ar fhreastal san ionad oibre, ceadaíodh do **thaighdeoirí lasmuigh den láthair** ceangal go cianda ó oifigí baile leis an Tairseach Sonraí Taighde. Glacadh le sínithe leictreonacha freisin ar dhoiciméadú iarratais ar Chomhad Micreashonraí Taighde (CMT).

		Níos déanaí in 2020, cuireadh tús le treoirthionscadal chun rochtain a fháil ar CMTanna staitisticí gnó a cheadaigh rochtain a fháil go sábháilte ar CMTanna staitisticí gnó lasmuigh den láthair. D'éascaigh an tAonad Comhordaithe Taighdeoirí cianrochtain ar mhicreashonraí COVID-19 do Ghrúpa Comhairleach na hÉireann um Shamhaltú Eipidéimeolaíoch trí chomhaontú faoi Alt 11 den Acht Staidrimh. Ina dhiaidh seo, ghlac an tAonad Comhordaithe Taighdeoirí páirt i gcomhoibriú leis an mBord Taighde Sláinte, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus leis an Roinn Sláinte chun micreashonraí COVID-19 a chur ar fáil don phobal taighde níos leithne tríd an bpróiseas iarratais CMT.

2. Cur le húsáid foinsí tánaisteacha sonraí lena n-áirítear sonraí riaracháin agus Mórshonraí

Cuspóir Straitéiseach 2.		Dul Chun Cinn sa Bhliain 2020
Cur le húsáid foinsí tánaisteacha	Leanúint de leas a bhaint as sonraí riaracháin chun staidreamh oifigiúil a sholáthar	• Bhí baint mhór ag an bPríomh-Oifig Staidrimh le gabháil agus próiseáil roinnt de shreafaí sonraí nua a úsáideadh chun úsáideoirí a chur ar an eolas níos fearr faoi staid COVID-19. Tar éis comhaontú a shíniú leis an Aire Sláinte in 2020, rinne an tIonad Sonraí Riaracháin sonraí a bhaineann le cúrsaí sláinte COVID-19 a phróiseáil ar bhonn laethúil, beagnach, chun tacú leis an Oifig na staitisticí seo a tháirgeadh chomh maith le taighdeoirí ina gcuid anailíse ar shonraí mar chuid den fhreagra ar an bpaindéim. Ina theannta sin, rinne an Oifig sonraí a phróiseáil a bhaineann le daoine ar scéimeanna tacaíochta éagsúla (ÍDP, SFSP, SFPF, srl.) agus arís d'úsáid an Oifig iad chun staitisticí oifigiúla a tháirgeadh. In 2020, úsáideadh sonraí riaracháin mar a n-aon fhoinse sonraí i 25% de na táirgí staidrimh a tháirg an Oifig, suas ó 24% in 2019, agus úsáideadh meascán de shonraí riaracháin agus sonraí suirbhé i gcás 53% díobh, suas ó 50% in 2019. • I measc na dtionscadal a bhí ar siúl in 2020 tá: - Ag obair le agus ag forbairt modheolaíochta chun coigeartú a dhéanamh ar shonraí Éirchóid agus geografacha earráideacha agus meastacháin daonra fo-náisiúnta á dtiomsú. I measc na n-iarratas féideartha, tá foinse sonraí riaracháin a úsáid chun sonraí an Daonáirimh a mhéadú agus meastacháin daonra fo-náisiúnta a thiomsú ó fhoinsí sonraí riaracháin amháin - Leanadh den dul chun cinn maidir le Meastacháin Daonra a fhorbairt ó Shonraí Riaracháin agus cuirfear na torthaí i láthair mar fhoilseachán *Staitisticí Ceannródaíocha*. • Leanann an Oifig ag foilsiú **tuarascálacha cothrománacha**, agus úsáid á baint ag sonraí riaracháin agus foinsí sonraí tánaisteacha chun bearnaí tábhachtacha a líonadh chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus dioscúrsa poiblí. (m.sh. na tuairiscí ar **Tionacht agus Líonta Tí 2016-2019** agus **Básanna agus Cásanna COVID-19**.) • Tá Gníomh 24 d'Athnuachan na Státseirbhíse (Feabhas a chur ar an gcaoi a mbailítear, a mbainistítear agus a

		roinntear sonraí) agus Gníomh 7 dár Seirbhís Phoiblí (Úsáid sonraí a bharrfheabhsú) lárnach freisin i bhforbairt an chórais riaracháin ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí níos leithne. Beidh an Staidreamh Oifigiúil thuas leis seo amach anseo. Ag deireadh 2020, bhí 28 mball d'fhoireann na hOifige ar iasacht chuig 12 Roinn Rialtais eile, agus fuarthas moltaí le haghaidh sé phost eile in 2021. San iomlán, le linn 2020, tugadh 31 ball foirne ghairmiúla ar iasacht chuig ranna eile. Chuir sé seo béim ar thábhacht agus ar fheasacht an Bhonneagair Sonraí Náisiúnta agus an luach a sholáthraíonn sé chun sonraí riaracháin a nascadh chun raon leathan cuspóirí.
	Acmhainneacht Mórshonraí ó thaobh staidreamh oifigiúil a thiomsú de a iniúchadh agus leas a bhaint astu dá réir	• Le linn 2020, d'eisigh an Oifig dhá leagan d'anailís nua **Básmhaireacht a Thomhas ag úsáid Foinsí Sonraí Poiblí,** a rinne anailís ar shonraí ón suíomh gréasáin rip.ie, chun bunús nua a sholáthar chun an bhásmhaireacht bhreise de bharr COVID-19 a mheas. Chabhraigh na foilseacháin seo leis an bhfreagairt lárnach ar COVID-19 a threorú. • Leanann an Oifig ag obair chun Córas Staidrimh na hÉireann a threisiú chun táirgí staidrimh nua agus feabhsaithe a fhorbairt, agus úsáid á baint as an mBonneagar Sonraí Náisiúnta. • Ag deireadh 2020, bhí obair ar siúl ar: - Bheartas corparáideach a fhorbairt maidir le cnuaschóipeáil ón ngréasán eiticiúil. - An táscaire *Fanacht sa Chóngar* a fhorbairt bunaithe ar shonraí anaithnide agus comhiomlánaithe ar ghníomhaíocht fón póca, a sholáthraíonn an cuideachta teileachumarsáide Three Ireland don Roinn Sláinte.

3. Leanúint orainn ag cothú inniúlacht ár ndaoine

Cuspóir Straitéiseach 3.		Dul Chun Cinn sa Bhliain 2019
Inniúlacht a chothú inár ndaoine	Cultúr d'fhoghlaim leanúnach agus d'fhorbairt ghairmiúil a chur chun cinn lena chinntiú go n-oibríonn baill foirne ar bharr a gcumais agus go bhfuil páirt ghníomhach acu i spriocanna na Príomh-Oifige Staidrimh a bhaint amach	• **Creat Oiliúna Staidrimh** Ó Eanáir 2020 tá idirchaidreamh déanta ag an Aonad Oiliúna Staidrimh le 43 staitisteoir ar fud 23 rannán sa Phríomh-Oifig Staidrimh agus san i gCóras Staidrimh na hÉireann araon chun riachtanais scileanna a aithint agus an oiliúint riachtanach a fhorbairt agus a sholáthar. • **Máistreacht Eorpach i Staidreamh Oifigiúil (EMOS)** Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag obair le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) agus le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) le roinnt blianta anuas chun cúrsa creidiúnaithe Máistreacht Eorpach i Staidreamh Oifigiúil a fháil in Éirinn. Baineadh é seo amach go luath in 2020 nuair a bronnadh lipéad EMOS ar COBÁC. Beidh clár EMOS de chuid COBÁC ar fáil in 2021. Bronnadh creidiúnú EMOS ar COC go déanach in 2020. Leanfaidh an Oifig ag obair le COC chun an cúrsa a fhorbairt do Mheán Fómhair 2021. • **FUSE** Is comhpháirtí í an Oifig san Ionad um Bonnoiliúint Taighde d'Eolaíocht Sonraí de chuid Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann (FUSE a bhíodh mar ainm bunaidh an chláir). Mar Chomhpháirtithe Comhghuaillíochta Tionscail, bhain an Oifig leas as 154 uair an chloig oiliúna in 2020. D'óstáil an Oifig beirt mhac léinn mar intéirnigh mar chuid de Chlár Oiliúna an Lárionaid um Thaighde. Roinn siad scileanna agus teicnící nua agus d'oibrigh siad go dlúth le comhghleacaithe san Ionad Sonraí Riaracháin agus Modheolaíocht. Thug Coiste Roghnóireachta PhD na hOifige cuireadh d'iarratais ó staitisteoirí na hOifige tabhairt faoi PhD páirtaimseartha le cohórt mac léinn 2020/2021. D'éirigh le staitisteoir amháin agus chuir sé tús lena PhD i Meán Fómhair 2020. • **Dioplóma Gairmiúil IPA i Staidreamh Oifigiúil maidir le Meastóireacht Beartais** Níor reáchtáladh an cúrsa in 2020 toisc nach bhféadfaí é a chur in oiriúint ar líne in am chun sceideal chlár an IPA a thosaigh i mí Dheireadh Fómhair 2020 a chomhlíonadh. Táthar ag súil an cúrsa a atosú i Meán Fómhair 2021.

	Feidhm Acmhainní Daonna straitéiseach a chothú chun teacht go hiomlán le riachtanais gnó na an Príomh-Oifige Staidrimh agus iad ag athrú	• Mar sin féin chuaigh rannóg Acmhainní Daonna na hOifige in oiriúint chun tacú go leanúnach le riachtanais foirne agus gnó na hOifige i rith 2020. Rinneadh claochlú digiteach air chun freastal ar ionad oibre fíorúil, ag soláthar tacaíochta, oiliúna agus comhairle don fhoireann trí ardáin dhigiteacha agus ardáin chumarsáide fíorúla eile. • Leanadh den obair ar chur i bhfeidhm Straitéis Daoine na Príomh-Oifige Staidrimh • I measc na bpríomhthionscnamh a rinneadh in 2020 tá: - Forbairt **Thairseach Gairmeacha Ar Líne agus Córas Bainistíochta Earcaíochta:** Mar fhreagairt ar an timpeallacht cianoibre, bhog Earcaíocht Acmhainní Daonna chuig córas earcaíochta ar líne in 2020. Tá próiseas earcaíochta iomlán ar líne i bhfeidhm anois ó fhógra maidir le tairiscint poist go dtí comórtais oscailte agus inmheánacha. • Tugadh faoi chlár suntasach **earcaíochta** in 2020 chun freastal ar éilimh foirne ar ghráid theicniúla, speisialtóra agus ghinearálta san Oifig. Tugadh faoi na feachtais earcaíochta seo a leanas in 2020: - Cuntasóir Grád 1 - Príomh-Eagarthóir na Preasoifige - Cuntasóir Grád 2 - Príomhoifigeach Cúnta Dlí - Staitisteoir - Príomhoifigeach Cúnta - Córais Faisnéise Geografaí - Oifigeach Feidhmiúcháin - TFC Oscailte - Oifigeach Feidhmiúcháin - Oifigeach Teicniúil - Oifigeach Feidhmiúcháin - Inmheánach - Oifigeach Feidhmiúcháin - Córais Faisnéise Geografaí • **Clár Ionduchtaithe Ar Líne** De réir mar a lean earcaigh nua ar aghaidh ag teacht isteach san oifig in ainneoin thimpeallacht na cianoibre, bhí clár ionduchtaithe ar líne ag teastáil. • **SMART Start: Clár Ionduchtaithe agus Forbartha na Chéad Bliana** Ó Eanáir 2020, tá 70 ball foirne ionduchtaithe ag Foghlaim agus Forbairt ar an gclár SMART Start. Tá 6 cinn acu seo tar éis a bliain a dhéanamh agus níl siad ar promhadh a thuilleadh. Chríochnaigh 56 ball foirne na físeáin ionduchtaithe éigeantacha a tugadh isteach don Chóras Bainistíochta Foghlama *OneLearning* i lár 2020 mar thoradh ar COVID-19.

		• **Plean Freagartha COVID-19** D'fhorbair agus chuir foireann ina raibh Acmhainní Daonna, Bainistíocht Saoráidí agus Príomhionadaithe Saothair Plean Freagartha cuimsitheach COVID-19 i bhfeidhm, ag teacht le Prótacal Sábháilteachta um Fhilleadh ar Obair an Rialtais**.** Chuir sé seo ar chumas cur chuige comhoibrithe an-struchtúrtha maidir le tinreamh foirne a bhainistiú ar an láthair agus sa ghort. • **Tionscnaimh Folláine** Ghlac an Oifig cur chuige iomlánaíoch maidir le freastal ar riachtanais folláine na foirne le linn 2020. Forbraíodh agus seachadadh clár cuimsitheach agus éagsúil de thacaíochtaí folláine a bhaineann le hintinn agus corp, cothú, folláine agus sláinte. Aithníonn agus dearbhaíonn an clár seo cur chun cinn folláine na foirne mar rud tábhachtach le linn na tréimhse seo. • **Éagsúlacht & Cuimsiú** Is príomhthosaíocht don Oifig aitheantas a thabhairt d'éagsúlacht ár bhfoirne agus glacadh léi. Cuireadh tús lenár gcuid oibre sa réimse seo in 2020 nuair a bunaíodh grúpa Éagsúlachta agus Cuimsithe. Is grúpa trasroinne é seo, le hionadaithe ó gach grád den fhoireann. Cuireadh tús le taighde chun beartas a fhorbairt agus chun clár tionscnamh Éagsúlachta agus Cuimsithe a sheachadadh in 2021. • In 2020, dúirt 7.2% de fhostaithe na hOifige go raibh siad faoi mhíchumas, mar a shainmhínítear san Acht um Míchumas 2005. Bhí an méid seo chun cinn ar sprioc reatha cuimsithe na Státseirbhíse (3%). Tá Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Is é ról an oifigigh seo ná tacú le fostaithe agus a chinntiú go gcomhlíonann an Oifig a cuid oibleagáidí faoi Chód Cleachtais na Státseirbhíse ar Fhostaíocht Daoine faoi Mhíchumas.
	Clár rannpháirtíochta agus nuálaíochta foirne ar fud na heagraíochta a chur i bhfeidhm	• Déanann Bord Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta na Príomh-Oifige Staidrimh monatóireacht ar chur i bhfeidhm **Phlean Gnímh Rannpháirtíocht Fostaithe** mar fhreagairt ar thorthaí Shuirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhíse agus tuairiscítear an dul chun cinn chuig an mBord Bainistíochta ar bhonn ráithiúil. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha faoin bPlean Gnímh le linn 2020. • **Aeráid Rannpháirtíochta** - Comhairliúchán foirne níos mó i bhForbairt Beartais agus Straitéise le comhairliúchán iomlán ar fud na hOifige maidir le Ráiteas Straitéise agus Fís 2030 a fhorbairt

- Bhí baint ag an bhfoireann go léir le Pleananna Gnó Áitiúla a fhorbairt

- Chiallaigh cumarsáid ón mbainistíocht shinsearach le linn na paindéime COVID-19 gur coinníodh gach ball foirne ar an eolas go rialta ó nuashonruithe ón mBord Bainistíochta agus nuashonruithe ón Ard-Stiúrthóir.

- Suíomh nuachta foirne curtha ar bun chun rochtain éasca a fháil ar fhaisnéis thráthúil agus ar gach córas teachtaireachtaí téacs foirne a úsáidtear chun baill foirne a chur ar an eolas faoi fhógraí tábhachtacha.

- Chuathas i gcomhairle le Fóraim Foirne agus líonraí bainistíochta go rialta maidir le forbairt straitéise agus athrú próisis eagrúcháin.

- Reáchtáladh Suirbhé Sciobtha Foirne maidir le COVID-19, suirbhé inmheánach de chuid na hOifige, i Meitheamh 2020 chun dearcthaí a fháil ón bhfoireann ar an timpeallacht cianoibre a tháinig in áit le linn dhianghlasáil COVID-19. Chabhraigh sé seo le tacaíochtaí a chur ar fáil agus le deacrachtaí a leigheas.

- Reáchtáladh Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhíse 2020 (lena n-áirítear modúl ar obair faoi COVID-19) laistigh den Phríomh-Oifig Staidrimh agus ar fud na Státseirbhíse i rith Mheán Fómhair. I measc foireann na hOifige, bhí ráta freagartha 84% ann (méadú 3% ar shuirbhé 2017). Foilseofar torthaí na hoifige agus déanfar cumarsáid fúthu leis an bhfoireann uile le linn 2021.

- Tháinig Fóram Bainistíochta Ginearálta (FBG) le chéile go fíorúil seacht n-uaire le linn 2020. Seoladh an tSraith FBG agus tugadh cuireadh do bhaill freastal ar sheisiúin ghearra le cloisteáil faoin obair atá ar siúl ar fud na Príomh-Oifige Staidrimh agus Sheirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann i gcoitinne. Tháinig an Grúpa Ardbhainistíochta le chéile go fíorúil ceithre huaire le linn 2020.

- Seachadadh Tacaíochtaí Forbartha Gairme agus Eagrúcháin ar fud na hoifige agus áiríodh leo tacaíochtaí maidir le foirne a bhainistiú go cianda; máistreacht a dhéanamh ar inniúlachtaí grád; agus cúrsaí oiliúna ar Bhainistíocht Ama; Scileanna Agallaimh; Cumarsáid agus Scríobh Miontuairiscí

- **Clár Meantóireachta**
  Cuireadh é seo in oiriúint don timpeallacht fhíorúil agus bhí an próiseas iarratais ar líne. Rith an clár seo 19 gcomhpháirtíocht go rathúil in 2020.

- **OneLearning**
  In 2020 seachadadh an chatalóg athbhreithnithe de chúrsaí seomra ranga beo ar WebEx. Chuir OneLearning gach cúrsa ar fáil de réir na catalóige sa domhan fíorúil.

- **An Clár Forbartha Bainistíochta (CFB)**
  D'fhorbair an Oifig clár forbartha Bainistíochta agus, tar éis 2 chlár píolótacha a sheachadadh, thosaigh an clár oifigiúil ar an 25ú Samhain agus rith sé thar 5 seachtaine as a chéile le 39 rannpháirtí.

- **Nuálaíocht Aeráide**
  Fógraíodh ról **Oifigeach Rannpháirtíochta Foirne agus Nuálaíochta** go hinmheánach i mí Eanáir / Feabhra 2020 agus líonadh an post i mí na Bealtaine.

  Bhunaigh an tOifigeach thuasluaite dhá **Fhoireann Tionscadail Eagrúcháin** i rith na bliana. Chabhraigh na foirne seo go mór le Seachtain Nuálaíochta rathúil na hOifige i mí Dheireadh Fómhair. Tá siad i mbun réamhoibre ar Scéim Aitheantais Nuálaíochta, le *Nua Awards* mar theideal oibre uirthi.

  Bhí iarratasóir rathúil ag an Oifig ar an **Maoiniú Nuálaíochta 2020 sa tSeirbhís Phoiblí** le tionscadal dar teideal *Sonraí Oscailte a Fhoilsiú ar fud na Seirbhíse Poiblí.*

  Fuair an Oifig **Gradam Aitheantas Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 2020** i mí na Samhna 2020 dá dtionscadal eipidéimeolaíochta *Mol Taighde Sonraí COVID-19.*

  Cuireadh ardán nua meán sóisialta cumarsáide inmheánach **CSOConnect** ar fáil go déanach in 2020 chun tacú le rannpháirtíocht ar fud na heagraíochta agus chun cothromas rochtana a chruthú don tSeirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann agus don fhoireann allamuigh.

- **Dearcadh an phobail/Tionchar ar Shaoránaigh**
  - Leathnaigh an Phreasoifig fairsinge agus sroicheadh cainéil meán sóisialta na Príomh-Oifige Staidrimh trí shraith feachtas chun obair na hOifige a chur chun cinn.

  - Mar thoradh ar COVID-19, cuireadh obair allamuigh de chuid agallóirí suirbhé na hOifige ar fionraí, cinneadh a raibh tionchar mór aige ar leibhéal na rannpháirtíochta le freagróirí féideartha maidir le suirbhéanna na hOifige ar líonta tí.

  - Seoladh an feachtas margaíochta digití 'Do Thír, Do Chontae, Do Phobal' chun aird a tharraingt ar na suirbhéanna líon tí agus ar thábhacht rannpháirtíocht an phobail sna suirbhéanna seo. Bhí ról lárnach ag an

bhfeachtas seo maidir leis an laghdú ar rátaí freagartha suirbhéanna le linn na paindéime a mhaolú.

- Thug an Phreasoifig 'gearróga fuaime' isteach in 2020, ar gearrthóga fuaime iad de phríomhphointí an eisiúna arna léamh ag an staitisteoir lena mbaineann. Seoltar amach ansin iad ag 11r.n. in éineacht leis an eisiúint chuig teagmhálaithe meán, rud a chuireann ar chumas stáisiúin raidió na gearróga a úsáid ina bhfeasacháin, nó is féidir le suíomhanna gréasáin nuachta iad a leabú ina scéalta. Mhéadaigh líon na bpreaseisiúintí anuraidh go suntasach go dtí níos mó ná 140.

- **Caighdeáin Feidhmíochta**
  - **Traenáil -** Mar gheall ar an bpaindéim bhí moill ar an gclár cóitseála a thosú mar chuid den Chlár Ceannaireachta Feidhmiúcháin. Cuireadh i bhfeidhm é i Meán Fómhair 2020 agus anois tá 12 rannpháirtí ó 5 Stiúrthóireacht ag glacadh páirt sa scéim phíolótach.

  - **Ardán r-Fhoghlama Skillsoft**
    Le linn 2020, rinne baill foirne 107 uair an chloig de chúrsaí oiliúna staidrimh leis an ardán seo.

  - **Cúrsa ar Bhunscileanna Staidrimh (CBS)**
    D'fhorbair Modheolaíocht CBS in 2018 agus déantar é a bhainistiú tríd an Aonad Oiliúna Staidrimh F&F (foghlaim agus forbairt). Ba é 2020 an tríú bliain den chúrsa, agus bhí 18 mball foirne ón Oifig rannpháirteach. Tá sé anois mar chuid den chlár *SMART - Clár Ionduchtaithe agus Forbartha na Chéad Bliana* do staitisteoirí nua.

  - **Bunachair Sonraí**
    Le linn Ráithe 1 2020, agus roimh phaindéim COVID-19, tionóladh ceithre sheisiún faisnéise staidrimh a bhain le bunachair sonraí san Oifig. D'fhreastail 65 ball foirne san iomlán, agus rinneadh 120 uair an chloig oiliúna.

  - **Oiliúint Staidrimh Ról-Sonrach**
    Cuireadh an Creat Oiliúna Staidrimh i bhfeidhm in 2019, agus cuireadh tosaíochtaí oiliúna arna socrú ag na Cinn Rannáin i bhfeidhm le linn 2020.

4. Ár bpróisis agus ár gcórais staitistiúla a nuachóiriú

Cuspóir Straitéiseach 4.		Dul Chun Cinn sa Bhliain 2020
Cur le seasmhacht ár bpróiseas agus ár gcóras staitistiúla	Clár uaillmhianach athchóirithe a chur i bhfeidhm ar ár bpróisis agus ar ár gcórais staitistiúla bunaithe ar chaighdeán idirnáisiúnta, an tSamhail Chineálach Staidrimh um Próisis Ghnó (GSBPM)	• Forbraíodh agus seoladh **Straitéis Cáilíochta na Príomh-Oifige Staidrimh**, a threisíonn an ról atá ag an tSamhail Chineálach Staidrimh um Próisis Ghnó ag croílár shamhail phróisis ghnó na hOifige chun cáilíocht oibre a bhainistiú. Is bealach í an tSamhail seo chun cur síos a dhéanamh ar tháirgeadh staitisticí ar bhealach ginearálta atá dírithe ar an bpróiseas. • Rinneadh gach próiseas staidrimh a ailíniú leis an tSamhail maidir le cáipéisíocht suirbhé, léarscáileanna próisis, dearbhú cáilíochta agus stóráil agus rialachas sonraí. • Tá treoirlínte agus tacaíochtaí cáilíochta nua á bhforbairt chun a chinntiú go rialaítear struchtúir nua na Samhla agus go ndéantar iad a chothabháil. • Rinne an Oifig athbhreithniú ar an oiliúint reatha a bhaineann le cáilíocht le tionscnaimh oiliúna nua, tionscnaimh a thacaíonn leis an úsáid is fearr a bhaint as an tSamhail Chineálach Staidrimh um Próisis Ghnó. Rinneadh an oiliúint seo a sheachadadh in 2020. • Chuaigh **PxStat** beo an 1 Nollaig 2020 agus tháinig sé in áit an tseanchórais *StatBank*, ag soláthar rochtain fheabhsaithe d'úsáideoirí. • I mí Eanáir 2021 tháinig an Rialachán nua IESS (Suirbhé Sóisialta Comhtháite Eorpach) chun dlí agus d'athraigh sé roinnt ceistneoirí go mór lena n-áirítear an Suirbhé ar an Lucht Saothair (SLS). Bhí gá le hathdhearadh na huirlise, agus bhí sé tráthúil bogadh go dtí an córas ríomhaireachta Blaise 5 chun an t-athrú seo a dhéanamh. Tá Blaise 5 an-difriúil lena réamhtheachtaí, tá comhéadan níos soláimhsithe aige agus tá sé de chumas ag freagróirí ceistneoir a chomhlánú ar líne. Mar thoradh ar an athrú seo bhí táibléid nua ag teastáil freisin agus b'éigean córas nua bainistíochta cásanna a fhorbairt. Tá an tionscadal seo ar siúl go maith anois agus in 2022, baileofar gach suirbhé sóisialta trí Blaise 5. Tugann an t-ardán seo

		deiseanna nua don Oifig agus í ag iompú ar chur chuige ilmhód.
	Ardán oiriúnaitheach seirbhísí a thógáil a chuidíonn le GSBPM a chur i bhfeidhm	• Tá an Oifig ag leathnú a tacaíochta bainistíochta cáilíochta go dtí na comhlachtaí poiblí eile i gcóras Staidrimh na hÉireann. • Leanadh den Eolaire Táirgí agus Seirbhísí a mhaoirsiú in 2020 agus cuireadh beartais i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na sonraí atá ann comhsheasmhach agus cothrom le dáta. Leanfar leis an obair seo in 2021. • Leanadh den Fhardal Sonraí a leathadh amach chun meiteashonraí lárnacha a ghabháil maidir lenár ngabháltais sonraí do gach céim den tSamhail Chineálach Staidrimh um Próisis Ghnó.
Cáilíocht, sláine, cosaint agus slándáil ár sonraí a chinntiú	Creat um Bainistíocht Cáilíochta bunaithe ar GSBPM a chur i bhfeidhm	• Bhunaigh an Oifig rannán nua - **Forfheidhmiú, Dlí agus Rialachas** in 2020 agus earcaíodh Comhairleoir Dlí. Cinnteoidh an rannán seo go bhfuil an Oifig ag gníomhú de réir an smachta reachta ina cuid gníomhaíochtaí agus cuirfidh sí le forbairt an chomhthéacs dlí ina dtáirgtear staitisticí oifigiúla d'Éirinn agus le cumhacht an dlí a fheidhmiú chun tacú leis an Oifig agus a cuspóirí á mbaint amach. • Leanadh le hobair shuntasach ar fud na hOifige, lena n-áirítear 14 **Mheasúnú ar Riachtanas Sonraí agus Comhréireacht** in 2020. Iarradh freisin 35 Mheasúnacht Tionchair ar Chosaint Sonraí, críochnaíodh 18 gcinn díobh in 2020 agus tháirg an Oifig 17 bhFógra Trédhearcachta in 2020. • Foilsíodh Beartas Soláthair nua in 2020 agus tá sé mar bhonn faoi phrionsabail lárnacha na hOifige maidir le hoscailteacht, trédhearcacht, cuntasacht agus luach ar airgead. Méadóidh an beartas éifeachtúlacht na feidhme soláthair. I measc na nósanna imeachta agus na bpróiseas feabhsaithe tá: - **Córas Bainistíochta Conartha** nua atá comhtháite go hiomlán le Córas Bainistíochta Airgeadais na hOifige, agus - clár oiliúna agus feasachta nua do réimsí ainmnithe a bhaineann le ceannach agus soláthar.

5. Cáilíocht gach ábhar staidrimh oifigiúil a tháirgtear in Éirinn a chomhordú, a mhaoirsiú agus a dhearbhú

Cuspóir Straitéiseach 5.		Dul Chun Cinn sa Bhliain 2020
Forbairt Chóras Staidrimh na hÉireann a stiúradh agus forbairt an Bhonneagar Sonraí Náisiúnta a spreagadh	Córas Staidrimh na hÉireann a fhorbairt de réir Straitéis Staidrimh 2015-2020 an Bhoird Náisiúnta Staidrimh (NSB)	• Leanamar orainn ag gabháil do chomhthionscadail taighde le Comhlachtaí Seirbhísí Poiblí (CSP) agus mar thoradh air sin rinneadh anailís staitistiúil agus táirgí nua. Tacaíonn na gealltanais seo le CSPanna luach a gcuid sonraí a fheiceáil ach freisin tábhacht cháilíocht a gcuid bunsonraí. Leanamar orainn ag cur chun cinn agus ag déanamh maoirseachta ar ghlacadh Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCoP) i gCóras Staidrimh na hÉireann.
	Cur leis an gclár staitisteoirí a thabhairt ar iasacht do ranna eile chun seirbhís anailíseach leanúnach, éifeachtach, chomhordaithe a chothú don Rialtas	• Ag deireadh 2020 bhí 28 ball foirne ghairmiúla ar iasacht in 12 roinn rialtais/oifig stáit agus tá ag géarú ar an éileamh do bhaill foirne ghairmiúla ar feadh an ama. San iomlán, le linn 2020, chaith 31 ball foirne ghairmiúla tréimhse ar iasacht chuig ranna/oifigí eile. Tá éileamh mór ar iasachtaí ag ranna rialtais ach go háirithe.
	Stiúradh ar fhorbairt an Bhonneagar Sonraí Náisiúnta (NDI) i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag obair i dtreo córas cláraithe arna thacú go hiomlán ag reachtaíocht chun raon agus cáilíocht sonraí riaracháin sa tSeirbhís Phoiblí a fheabhsú	• Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí maidir le hAitheantóir Uathúil Gnó i gcomhthéacs an Bhonneagair Sonraí Náisiúnta (NDI). Tá Grúpa Tacadóirí an NDI faoi chathaoirleacht na Príomh-Oifige Staidrimh agus tá ionadaithe ann ó gach Roinn agus gníomhaireacht ag a bhfuil sonraí ardluacha. Déanann an Grúpa monatóireacht ar chlúdach na n-aitheantóirí thuasluaite agus cuireann sé a n-úsáid chun cinn ar fud bhailiúcháin sonraí na hearnála poiblí. Déanann painéal NDI, arna fhorbairt ag an nGrúpa, achoimre ag an leibhéal is airde ar a mhéad a mbailítear Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) agus Éirchóid do phríomhbhailiúcháin sonraí na Ranna Rialtais agus na ngníomhaireachtaí atá faoina choimirce. Ina theannta sin, aithníonn sé deiseanna chun clúdach níos fearr a dhéanamh ar an UPSP agus Éirchód i gcórais agus i bpróisis riaracháin. Tacóidh na feabhsuithe seo le tionscnaimh a bhaineann go sonrach le comhlachtaí na hearnála poiblí ar an gcéad dul síos agus tacóidh siad leis an tionscnamh níos leithne maidir le comhroinnt sonraí mar a mholtar san Acht um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas. Tá an tríú haitheantóir NDI, an tAitheantóir Uathúil Gnó, á fhorbairt faoi láthair ag na Coimisinéirí Ioncaim,

		le tacaíocht ón bPríomh-Oifig Staidrimh ar bhonn leanúnach agus ó roinnt CSPanna ar bhonn deonach. Nuair a bheidh sé críochnaithe, feabhsóidh an t-aitheantóir seo seachadadh seirbhíse do ghnólachtaí.
	Tionscadail ceannródaíocha a shainaithint agus a chur i bhfeidhm le ranna Rialtais a chuireann luach le beartais nó seirbhísí agus a dhéanann dul chun cinn ar fhorbairt an NDI	• Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí i gcomhthéacs 'tionscadail bhrathadóra' agus 'tuarascálacha cothrománacha', i gcomhpháirtíocht le Comhlachtaí Earnála Poiblí agus i ndáil le hobair an Ghrúpa Tacadóirí Bonneagar Sonraí Náisiúnta. Faoi Bheart 7 de *Ár Seirbhís Phoiblí 2030* agus faoi *Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí*, díríodh go géar ar shonraí a mheas mar shócmhainn straitéiseach don tseirbhís phoiblí agus, an tráth céanna, a admháil go gcaithfear feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a chomhroinnt. Chun é sin a éascú, bunaíodh an NDI in 2017 agus baineann sé le bailiú agus stóráil trí phríomh-aitheantóir ar ghabháltais sonraí uile na hearnála poiblí, aon uair a bhaineann siad le hidirbhearta Chomhlacht na hEarnála Poiblí le custaiméirí. Is iad na trí aitheantóir a theastaíonn chun go mbeidh an NDI éifeachtach: - an **UPSP** le haghaidh idirghníomhaíochtaí idir an duine aonair agus an earnáil phoiblí; - an **tÉirchód** chun láthair an duine/ghnó faoi seach a aithint; - agus **aitheantóir uathúil gnó**, chun feabhsúcháin i seachadadh seirbhíse a chumasú, agus i gceapadh agus in anailís beartais do ghnólachtaí agus iad ag idirghníomhú leis an earnáil phoiblí. • Tá Grúpa Tacadóirí an NDI faoi chathaoirleacht na Príomh-Oifige Staidrimh agus tá ionadaithe ann ó gach Roinn agus gníomhaireacht ag a bhfuil sonraí ardluacha. Déanann sé monatóireacht agus cur chun cinn ar chlúdach na n-aitheantóirí thuasluaite ar fud bhailiúcháin sonraí na hearnála poiblí. Tagann an Grúpa Tacadóirí le chéile gach ráithe • chun forbairtí i sonraí riaracháin a bhailíonn Comhlachtaí na hEarnála Poiblí a phlé.

		• In 2020 d'fhoilsigh an Oifig na tuarascálacha Fiosraithe agus Cothrománacha seo a leanas: - Léargas ar COVID-19: Básanna agus Cásanna - Cuma COVID-19 in Éirinn: Anailís ar chásanna de réir sonraí daonáirimh - Sochair Bhreoiteachta: Anailís ar Fhostaíocht agus Comaitéireacht - Anailís Fostaíochta i ndáil le Sochair Máithreachais agus Atharthachta - Tithíocht Shóisialta in Éirinn - Anailís ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) - Ciontóirí 2016: Fostaíocht, Oideachas agus Iarmhairtí eile, 2016-2019 - Tionacht agus Líonta Tí 2016-2019 - Iniúchadh ar Shonraí Cothromais - Mná agus Fir in Éirinn 2019 - Dul chun cinn na hÉireann a thomhas 2018
	Ról na Príomh-Oifige Staidrimh a fhorbairt mar chomhordaitheoir ar ghníomhaíochtaí staitistiúla do gach eagras soláthraithe staidrimh oifigiúil in Éirinn de réir an Achta Staidrimh 1993 agus leasuithe Rialachán an AE ar staidreamh Eorpach	• Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí maidir le hAitheantóir Uathúil Gnó i gcomhthéacs an Bhonneagair Sonraí Náisiúnta (NDI). • Cé go gcloíonn tiomsaitheoirí Staidrimh Eorpacha leis an ESCoP, d'fhorbair an Oifig cód cleachtais (atá mar fho-thacar de ESCoP) le haghaidh Staitisticí Oifigiúla eile ar a dtugtar Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCoP). Tabhair faoi deara gur féidir le tiomsaitheoirí staidrimh oifigiúla Eorpacha agus náisiúnta eile iarratas a dhéanamh ar dheimhniú Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann. Go dtí seo tá 2 Comhlacht Seirbhíse Poiblí tar éis an próiseas le haghaidh Staidreamh Oifigiúil áirithe a chríochnú, agus tá 15 CSP breise ag gabháil don phróiseas.

Iarscríbhinn 1: Bearta um Laghdú in Úsáid Fuinnimh

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag glacadh páirt sa chlár trína mbeidh sprioc d'fheabhsú éifeachtúlachta fuinnimh 33% le baint amach ag gach comhlacht Poiblí faoi 2020. Is í an bhunbhliain 2009 agus don bhliain 2019 sheas táscaire na hOifige ag laghdú 44.7% ó 2009.

In 2019, leathnaíodh agus críochnaíodh roinnt tionscadal san Oifig ar nós críochnú na hoibre aerdhíonachta ar na sciatháin Theas, Thoir agus Thiar ina foirgneamh i gCorcaigh, iarfheistiú soilsithe agus coire ina foirgneamh i Ráth Maonais agus insliú cuid nochta den fhoirgneamh céanna sin sa phríomhchathair. Is uirlis ríthábhachtach freisin an mhonatóireacht leanúnach ar úsáid fuinnimh i ngach ceann d'fhoirgnimh na Príomh-Oifige Staidrimh chun cabhrú linn monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus réimsí le feabhsú a aithint.

Bliain dhúshlánach a bhí in 2020, agus d'athraigh an phaindéim dhomhanda an chaoi a ndéantar gnó. Bhí ar an Oifig a modh oibríochta a athrú, athrú a raibh tionchar aige ar bhainistiú shaoráidí gach láthair dá cuid. Bhí ar an Oifig gníomhú láithreach chun bearta a chur i bhfeidhm ar fud na limistéar saoráidí, ach freisin chun pleanáil le haghaidh sprioc níos fadtéarmaí maidir le feidhmiú faoi scáth an víris.

Thug an tAonad Bainistíochta Saoráidí córais nua glantacháin isteach agus rinneadh measúnuithe riosca a bhain go sonrach le COVID-19 sna foirgnimh go léir. Cuireadh bearta nua i bhfeidhm ar fud na heagraíochta, mar shampla stáisiúin sláintíochta, pasáistí aonbhealaigh, oscailtí dorais gan tadhall agus eochracha sláinteachais, fearais phearsanta chun priontáil agus oscailt doirse ar bhealach sábháilte a éascú.

D'oibrigh Bainistíocht Saoráidí le hAcmhainní Daonna chun Plean Freagartha COVID-19 na Príomh-Oifige Staidrimh a réiteach, plean faoina tugtar treoracha ar oibríochtaí éagsúla a bhfuil tionchar imeartha ag an bpaindéim orthu.

Bhí níos mó coigeartuithe fadtéarmacha ag teastáil freisin agus tá siad á seachadadh, amhail: méadú na stáisiún sólaistí, lena chinntiú go gcaithfidh níos lú daoine teacht le chéile i gceantar amháin; áiteanna scíthe lasmuigh a leathnú; agus seomraí cruinnithe.

Tá tuilleadh tionscadal ar siúl faoi láthair, mar shampla Féinmheasúnú ar an Spás Oibre sa Bhaile a chur in áit, chun a chinntiú go mbunófar gach ball foirne i dtimpeallacht shábháilte oibre. Tabharfar faoi chianmheasúnuithe riosca duine ar dhuine ina dhiaidh sin.

Tá sé mar sprioc ag Bainistíocht Saoráidí a chinntiú go ndéantar gach gné den obair le linn na paindéime seo, san oifig agus sa bhaile, i dtimpeallacht shábháilte.

Iarscríbhinn 2: Cairt Eagrúcháin

Iarscríbhinn 3: Monatóir Tráthúlachta

Monatóir Tráthúlachta 2020

Tuarascálacha Ginearálta agus Téamacha Staidrimh

Foilseachán	Minicíocht	Tráthúlacht Reatha		Spriocam na hOifige	Caighdeán Idirnáisiúnta	Foinse an Chaighdeáin Idirnáisiúnta
		Eagrán	Foilsithe (faoi cheann)			
Impleachtaí COVID-19 a thomhas - Dais						
Geilleagar						
Suirbhé ar Impleachtaí Gnó ag COVID-19	*Ad hoc*	Babhta 6	MFómh 2020	---	---	---
Modúl SILC ar Fholláine	*Ad hoc*	2018	Beal 2020	---	---	---
Modúl SILC ar Leanúint Míbhuntáiste ó Ghlúin go Glúin	*Ad hoc*	2019	---	---	---	---
Margadh Saothair						
Staidreamh Sóisialta agus Folláine						
Éifeachtaí Fostaíochta agus Saoil ag COVID-19	*Ad hoc*	Aib 2020	Beal 2020	---	---	---
Tionchar COVID-19 ar Úsáid TFC - Líonta Tí	*Ad hoc*	Beal 2020	Beal 2020	---	---	---
Impleachtaí Sóisialta ag COVID-19 ar Mhná agus ar Fhir	*Ad hoc*	Aib 2020	Beal 2020	---	---	---
Impleachtaí Sóisialta ag COVID-19 de réir Aoisghrúpa	*Ad hoc*	Aib 2020	Meith 2020	---	---	---
Impleachtaí Sóisialta ag COVID-19: Eispéiris na Paindéime agus a bhfuiltear ag súil leis ina diaidh	*Ad hoc*	Meith 2020	Meith 2020	---	---	---
Impleachtaí Sóisialta ag COVID-19: Compord le Maolú Srianta a Thomhas	*Ad hoc*	Meith 2020	Meith 2020	---	---	---
Básmhaireacht a thomhas ag úsáid Foinsí Sonraí Poiblí	Aschur Ceannródaíoch	2019/2020	DFómh 2019	---	---	---
Anailís ar Bhunchúiseanna Báis lena n-áirítear COVID-19	*Ad hoc*	Ean - DFómh 2020	Samh 2020	---	---	---
Impleachtaí Sóisialta COVID-19: Folláine agus Stil Mhaireachtála faoi Shrianta Leibhéal 5	*Ad hoc*	Samh 2020	Samh 2020	---	---	---
Suirbhé ar Impleachtaí Sóisialta ag COVID-19: Meon Daoine faoin Nollaig agus faoi Thaisteal Idirnáisiúnta	*Ad hoc*	Samh 2020	Samh 2020	---	---	---
Cuma COVID-19 in Éirinn: Anailís ar chásanna de réir sonraí daonáirimh	*Ad hoc*	Márta - Samh 2020	Noll 2020	---	---	---
Tionchar ag Scéimeanna Taca Ioncaim COVID-19 Roghnaithe ar Fhostaithe	Aschur Ceannródaíoch	Eagrán 1	Noll 2020	---	---	---
Comharthaí Beochta Gnólachtaí	Aschur Ceannródaíoch	Eagrán 1	Noll 2020	---	---	---
An tSochaí Faisnéise						
An Saol ar líne le linn COVID-19	*Ad hoc*	Ean agus Márta 2020	Meith 2020	---	---	---
Sláinte						
Léargas ar COVID-19 - Básanna agus Cásanna	Leanúnach	Eagrán 18	18 Noll 2020	1 seachtain	---	---
Slite Beatha i mBaol Féideartha ó COVID-19	*Ad hoc*	2020	Meith 2020	---	---	---
Oideachas						
Impleachtaí Sóisialta ag COVID-19: Athoscailte Scoileanna	*Ad hoc*	Lún 2020	Lún 2020	---	---	---
Cuireadh na heisiúintí agus foilseachán thuas i ndath buí i dtoll a chéile le linn na géarchéime COVID-19						
Foilseacháin Ghinearálta Staidrimh						
Dul chun cinn na hÉireann a thomhas	Bliantúil	2018	February 2020	56 seachtain	---	---
Bliainiris Staidrimh na hÉireann	Bliantúil	2020	DFómh 2020	DFómh 2020	---	---
Mná agus Fir in Éirinn	Bliantúil	2019	---	Feabh 2020	---	---
Fíricí agus Figiúirí na hÉireann	Bliantúil	2019	Ean 2020	---	---	---
Tuarascálacha Téamacha						
Anailís Fostaíochta i ndáil le Sochair Máithreachais agus Atharthachta	*Ad hoc*	2016 - 2019	Meith 2020	---	---	---
SLS – Meastacháin Fostaíochta Oibrithe Gníomhaireachta	Modúl SLS	R1 2019	Lún 2019	---	---	---
SLS – Líonta Tí agus Aonaid Clainne	Modúl SLS	R2 2013 - R2 2019	MFómh 2019	---	---	---
Comhionannas agus Leithcheal	*Ad hoc*	R1 2019	Iúil 2019	---	---	---
Difreálaigh Báis (Páipéar Taighde)	*Ad hoc*	2016/2017	Meith 2019	---	---	---
Infheistíocht Dhíreach Choigríche in Éirinn	*Ad hoc*	2018	Beal 2020	---	---	---
SLS – Meastacháin Pá Náisiúnta	Modúl SLS	R4 2019	Aib 2020	---	---	---
Clúdach Pinsin	Modúl SLS	2019	Ean 2020	---	---	---
Aschur agus Breisluach de réir Gníomhaíochta	*Ad hoc*	2019	Samh 2020	---	---	---
Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Réigiúnacha na hÉireann	*Ad hoc*	2017	Feabh 2019	---	---	---
An Suirbhé ar Shiopadóireacht Trasteorann	*Ad hoc*	R1 2018	Noll 2018	---	---	---
Daonáireamh 2016 - Náisiúntachtaí Coigríocha ina gCónaí in Éirinn	*Ad hoc*	2016	MFómh 2018	---	---	---
Léasú Aeárthaí in Éirinn	*Ad hoc*	2007 - 2016	Feabh 2018	---	---	---
Folláine na Tíre	*Ad hoc*	2017	Ean 2018	---	---	---
Breatimeacht: Éire agus an Ríocht Aontaithe i bhfigiúirí	*Ad hoc*	2016	Noll 2016	---	---	---
Suirbhé ar Airgeadas agus Tomhaltas Líon Tí	*Ad hoc*	2018	Ean 2020	---	---	---

Staidreamh Geilleagrach

Foilseachán	Minicíocht	Tráthúlacht Reatha		Spriocam na hOifige	Caighdeán Idirnáisiúnta	Foinse an Chaighdeáin Idirnáisiúnta
		Eagrán	Foilsithe (faoi cheann)			
Comhardú na nÍocaíochtaí Idirnáisiúnta						
Cuntais Idirnáisiúnta *(lena n-áirítear Comhardú na nÍocaíochtaí Idirnáisiúnta agus an Infheistíocht Idirnáisiúnta)*	Uair sa ráithe	R3 2020	65 lá	85 lá	90 lá	Rialachán (CE) Uimh. 184/2005
Comhardú na nÍocaíochtaí Idirnáisiúnta	Uair sa ráithe	R3 2018	74 lá	85 lá	90 lá	Rialachán (CE) Uimh. 184/2005
Staid Infheistíochta Idirnáisiúnta agus Fiachas Seachtrach – Ráithiúil	Uair sa ráithe	R3 2018	74 lá	85 lá	90 lá	Rialachán (CE) Uimh. 184/2005
Sealúchas Urrús Punainne Coigríche i measc Cónaitheoirí	Bliantúil	2019	38 seachtain	45 seachtain	---	Deonach – curtha faoi bhráid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta dhá uair sa bhliain (m.sh. lár-Eanáir agus lár-Iúil).
Infheistíocht Dhíreach Choigríche	Bliantúil	2019	50 seachtain	43 seachtain	44 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 184/2005
Trádáil Idirnáisiúnta i Seirbhísí	Bliantúil	2019	46 seachtain	47 seachtain	39 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 184/2005
Sócmhainní agus Dliteanais na hEarnála Airgeadais	Bliantúil	2016	56 seachtain	52 seachtain	---	---
Trádáil Seirbhísí de réir Saintréithe Fiontair	Bliantúil	2017	130 seachtain	134 seachtain	---	Deonach, staidéar píolótach
Léasú Aeárthaí in Éirinn	Bliantúil	2018	---	---	---	---
Cuntais Náisiúnta						
Quarterly National Accounts	Uair sa ráithe	R3 2020	65 lá	70 lá	70 lá	Rialachán (AE) Uimh. 549/2013
Ioncam agus Caiteachas Náisiúnta: Torthaí Bliantúla	Bliantúil	2019	28 seachtain	26 seachtain	---	Rialachán (AE) Uimh. 549/2013
Oll-bhreisluach d'Fhiontair Ilnáisiúnta faoi úinéireacht eachtrach agus d'Earnálacha eile	Bliantúil	2018	40 seachtain	42 seachtain	---	Rialachán (AE) Uimh. 549/2013
Oll-bhreisluach d'Fhiontair Ilnáisiúnta faoi úinéireacht eachtrach agus d'Earnálacha eile	Uair sa ráithe	R2 2020	100 lá	129 lá	---	---
Táirgiúlacht in Éirinn	Bliantúil	2018	82 seachtain	82 seachtain	---	---
Ioncam na gContaetha agus Olltáirgeacht Inmheánach na Réigiún	Bliantúil	2017	112 seachtain	112 seachtain	112 seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 549/2013
Táblaí Soláthair agus Úsáide	Bliantúil	2017	149 seachtain	161 seachtain	156 seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 549/2013
Meastacháin um Stoc Caipitil na Sócmhainní Seasta	Bliantúil	2019	46 seachtain	52 seachtain	104 seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 549/2013
An Earnáil Airgeadais i gCuntais Náisiúnta na hÉireann	---	2018	---	---	---	---
Cuntais Náisiúnta						
Staidreamh Airgeadais Rialtais	Uair sa ráithe	R2 2020	113 lá	113 lá		Rialachán (AE) Uimh. 549/2013
Staidreamh Airgeadais Rialtais - Bliantúil - Torthaí Aibreáin	Leathbhliantúil	2014 - 2019	15 seachtain	16 seachtain	13 seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 549/2013
Staidreamh Airgeadais Rialtais - Bliantúil - Torthaí Dheireadh Fómhair	Leathbhliantúil	2020	42 seachtain	42 seachtain		Rialachán (AE) Uimh. 549/2013
Staidreamh Airgeadais Rialtais - Bliantúil - Torthaí Sealadacha Ceannlíne	Bliantúil	2015 - 2018	40 seachtain	October	---	---
Ioncam agus Caiteachas an Rialtais	Bliantúil	2018	28 seachtain	28 seachtain	---	---
Meastacháin Dhliteanais Pinsin na hÉireann	Gach 3 bliana	2015	Aib 2018	---	104 seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 549/2013
Clár na gComhlachtaí Earnála Poiblí	Leathbhliantúil	2019	---	---	---	---
Cuntais Córas Sláinte						
Cuntais an Chóras Sláinte	Bliantúil	2018	76 seachtain	78 seachtain	78 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 2015/359
Cuntais na hEarnála Institiúidí						
Cuntais Neamh-Airgeadais	Uair sa ráithe	R3 2020	79 lá	105 lá	105 lá	
Cuntais Neamh-Airgeadais agus Airgeadais	Bliantúil	2019	43 seachtain	43 seachtain	39 seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 549/2013
External Trade						
Onnmhairiú agus Allmhairiú Earraí	Míosúil	DFómh 2020	45 lá	45 lá	70 lá	Rialachán (CE) Uimh. 638/2004, Rialachán 96/2010 ón gCoimisiún, Rialachán 1172/95 ón gComhairle, faoi réir Rialachán Uimh. 1917/2000 ón gCoimisiún
Staitisticí Mionsonraithe Trádála	Míosúil	MFómh 2020	54 lá	77 lá	---	---
Trádáil de réir Saintréithe Fiontair	Bliantúil	2017	74 seachtain	78 seachtain	78 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 638/2004, Rialachán 96/2010 ón gCoimisiún, Rialachán 1172/95 ón gComhairle, faoi réir Rialachán Uimh. 1917/2000 ón gCoimisiún
Trádáil in Earraí na hÉireann	Bliantúil	2019	52 seachtain	52 seachtain	---	---
Trádálaithe Éireannacha agus an Ríocht Aontaithe	Bliantúil	2017	Beal 2019	---	---	---
Próifíl na bhFiontar Trádála	Bliantúil	2018	Meith 2020	---	---	---
Scórchlár						
Scórchlár Maicreacnamaíoch	Bliantúil	2019	46 seachtain	48 seachtain	---	---

Staidreamh Sóisialta agus Déimeagrafach

Foilseachán	Miniciocht	Tráthúlacht Reatha		Spriocam na hOifige	Caighdeán Idirnáisiúnta	Foinse an Chaighdeáin Idirnáisiúnta
		Eagrán	Foilsithe (faoi cheann)			
Coireacht agus Ceartas Coiriúil						
Coireacht Thaifeadta	Uair sa ráithe	R2 2020	91 lá	90 lá	---	Acht an Gharda Síochána, 2005
		27/03/2018 – Bíonn foilsiú na staitisticí Coireachta Taifeadta ag an Oifig ag brath go hiomlán ar shonraí ón gcóras PULSE a bheith á soláthar ag an nGarda Síochána. Mar is eol d'úsáideoirí, sainaithníodh roinnt fadhbanna roimhe seo maidir le cáilíocht na sonraí ón gcóras PULSE. Aithníonn an Oifig go gcruthaítear bearna faisnéise nuair a iarchuirtear na staitisticí tábhachtacha sin agus go gcuirtear isteach ar úsáideoirí dá bharr. Chinn an Oifig go dtosódh sí an athuair ar staitisticí Coireachta Taifeadta a fhoilsiú faoi chatagóir nua **"Staitisticí faoi Fhorchoimeadas"**. Léiríonn an catagóiriú sin nach bhfuil cáilíocht na staitisticí sin ag teacht leis na caighdeáin a mbítear ag éileamh don staidreamh oifigiúil a fhoilsíonn an Oifig **http://www.cso.ie/en/statistics/crimeandjustice/**				
Coireacht Thaifeadta: Íospartaigh agus Ciontóirí Amhrasta	Bliantúil	2018	---	---	---	---
Staitisticí Athchiontaithe Príosúin	Bliantúil	2011 - 2017			---	---
Staitisticí Athchiontaithe Promhaidh	Bliantúil	2016	---	---	---	---
Staitisticí Coireachta Taifeadta an Gharda Síochána	Bliantúil	2014	104 seachtain	70 seachtain	104 seachtain	Acht an Gharda Síochána, 2005
Coireacht agus Íospartaigh	Gach 3-5 bliana	2019	---	---	---	---
Ciontóirí 2016: Fostaíocht, Oideachas agus Iarmhairtí Eile 2016-2019	-	2016 - 2019	---	---	---	---
Aimsiú Coireachta Taifeadta	Bliantúil	2019	---	---	---	---
Tuilleamh agus Costais Saothair						
Tuilleamh agus Costais Saothair	Uair sa ráithe	R3 2020	56 lá	56 lá	75 lá	Rialachán (CE) Uimh. 453/2008, Rialachán (CE) Uimh. 450/2003, Rialachán Uimh. 530/1999 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1165/1999, An tOrdú Staidrimh (Suirbhé ar Chostais Saothair) 2018 [I.R. Uimh. 115 de 2018]
Sonraí Bliantúla ar Thuilleamh agus Costais Saothair	Bliantúil	2019	25 seachtain	30 seachtain	---	Rialachán (CE) Uimh. 453/2008, Rialachán (CE) Uimh. 450/2003, Rialachán Uimh. 530/1999 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1165/1999, An tOrdú Staidrimh (Suirbhé ar Chostais Saothair) 2018 [I.R. Uimh. 115 de 2018]
Sláinte						
Suirbhéireacht Sláinte na hÉireann	Gach 5 bliana	2019	Noll 2020	---	---	Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008, Rialachán (AE) Uimh. 141/2013
Suirbhéireacht Sláinte na hÉireann 2019 - Cúramóirí agus Tacaí Sóisialta	---	2019	Noll 2020	---	---	---
Suirbhéireacht Sláinte na hÉireann 2019 - Daoine le Míchumas	---	2019	Noll 2020	---	---	---
Éilimh Dochtúirí Teaghlaigh arna Maoiniú ag an FSS	*Ad hoc*	2013 - 2017	Meith 2019	---	---	---
Éilimh Cógaíslochta arna Maoiniú ag an FSS	*Ad hoc*	2013 - 2016	Noll 2018	---	---	---
Cóireálacha Súil-Liachta arna Maoiniú ag an FSS	*Ad hoc*	2015 - 2017	Iúil 2019	---	---	---
Cóireálacha Déidliachta arna Maoiniú ag an FSS	*Ad hoc*	2013 - 2016	Iúil 2017	---	---	---
Sochair Bhreoiteachta: Anailís ar Fhostaíocht agus Comaitéireacht	Aonuaire	2016 - 2017	Lún 2021	---	---	---
Oideachas						
Suirbhé ar Oideachas Aosach	Gach 5-6 bliana	2017	Lún 2018	---	---	Rialachán (CE) Uimh. 452/2008
Suirbhé ar an Lucht Saothair - Gnóthachtáil Oideachais	Bliantúil	2020	Samh 2020	---	---	An tAcht Staidrimh, 1993
An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach (PIAAC)	Gach 10 mbliain	2012	DFómh 2013	---	---	
Tithíocht agus Líonta Tí						
Suirbhé ar Airgeadas agus Tomhaltas Líon Tí	*Ad hoc*	2013	Ean 2015	52 seachtain	---	Banc Ceannais na hEorpa
Suirbhé Buiséid an Líon Tí	Gach 5 bliana	2015/16	Meith 2017	---	---	An tAcht Staidrimh, 1993
An tSochaí Faisnéise						
Staidreamh na Sochaí Faisnéise – Fiontair	Bliantúil	2020	42 seachtain	50 seachtain	---	***Féach Eolaíocht & Teicneolaíocht, Staidreamh Gnó***
Staidreamh na Sochaí Faisnéise - Líonta Tí	Bliantúil	2020	29 seachtain	39 seachtain	39 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 808/2004
Margadh Saothair						
An Beochlár	Míosúil	Nov 2020	8 lá	7 lá	---	---
Dífhostaíocht Mhíosúil	Míosúil	Nov 2020	2 lá	5 lá	---	---
Díospóidí Tionsclaíocha	Uair sa ráithe	R3 2020	55 lá	56 lá	---	---
Náisiúnaigh Choigríche: Leithdháiltí UPSP, Fostaíochta & Gníomhaíocht Leasa Shóisialaigh	Bliantúil	2017	39 seachtain	60 seachtain	---	---
Léargas ar an Margadh Saothair	Sraith	Eagrán 4	---	---	---	---
Suirbhé ar an Lucht Saothair (SLS)						
Suirbhé ar an Lucht Saothair	Uair sa ráithe	R3 2020	48 lá	56 lá	84 lá	Rialachán (CE) Uimh. 577/98
Feasachán Lucht Saothair: Solúbthacht ag an obair	Sraith	R2 2019	---	---	---	---
Feasachán Lucht Saothair: Féinriar Poist agus Brú ag an Obair	Sraith	R2 2019	---	---	---	---
Feasachán Lucht Saothair: Príomháit oibre agus am comaitéireachta	Sraith	R2 2019	---	---	---	---
Suirbhé ar an Lucht Saothair - Líonta Tí agus Teaghlaigh	Bliantúil	R2 2020	DFómh 2020	---	---	Modúl SLS
Suirbhé ar an Lucht Saothair - an Suirbhé Náisiúnta Iompair	Gach 3 bliana	R4 2016	Márta 2017	---	---	Modúl SLS
Dálaí Sóisialta						
Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC)	Bliantúil	2017	50 seachtain	48 seachtain	48 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003
Anailís Fostaíochta i ndáil le Sochair Máithreachais agus Atharthachta	*Ad hoc*	2016 - 2019	---	---	---	---
Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachteála (SILC) - Díothacht Fhorghníomhach	---	2019	---	---	---	---
Staitisticí Beatha						
Táblaí Saoil na hÉireann	Gach 5 bliana	2015 - 2017	Iúil 2020	---	---	---
Eisiúint Staitisticí Beatha	Uair sa ráithe	R2 2020	21 seachtain	26 seachtain	---	
Ainmneacha Leanaí na hÉireann	Bliantúil	2019	8 seachtain	26 seachtain	---	An tAcht um Staidreamh Beatha agus um Chlárú Breitheanna, Básanna agus Póstaí, 1952, Alt 73 den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004
Achoimre Bhliantúil Staitisticí Bheatha	Bliantúil	2018	22 seachtain	26 seachtain	---	
Tuarascáil Bhliantúil um Staitisticí Beatha	Bliantúil	2017	96 seachtain	104 seachtain	---	
Póstaí	Bliantúil	2019	119 lá	91 lá	---	

Staidreamh Gnó

Foilseachán	Miniciocht	Tráthúlacht Reatha		Spriocam na hOifige	Caighdeán Idirnáisiúnta	Foinse an Chaighdeáin Idirnáisiúnta
		Eagrán	Foilsithe (faoi cheann)			
Talmhaíocht agus Iascach						
Áireamh Talmhaíochta	Gach 10 mbliain	2010	Noll 2012	130 seachtain	130 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008
Suirbhé ar Struchtúr Feirme	Gach 3 bliana	2016	Beal 2018			Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008, Rialachán (AE) Uimh. 715/2014
Staitisticí Bainne	Míosúil	DFómh 2020	31 lá	31 lá	60 lá	Treoir 96/16/EC ón gComhairle
Maruithe Beostoic	Míosúil	Samh 2020	17 lá	28 lá	60 lá	Rialachán (AE) Uimh. 1165/2008
Barra agus Beostoc an Mheithimh (Deireanach)	Bliantúil	2019	39 seachtain	48 seachtain	15 seachtain	Rialachán Tairmligthe (AE) Uimh. 2015/1557 lena n-uasdátaítear Rialachán (CE) Uimh. 543/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008
Barra agus Beostoc an Mheithimh (Sealadach)	Bliantúil	2020	11 seachtain	15 seachtain	15 seachtain	Rialachán Tairmligthe (AE) Uimh. 2015/1557 lena n-uasdátaítear Rialachán (CE) Uimh. 543/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008
Achar, Toradh agus Táirgeadh Barr	Bliantúil	2019	15 seachtain	22 seachtain	39 seachtain	Rialachán Tairmligthe (AE) Uimh. 2015/1557 lena n-uasdátaítear Rialachán (CE) Uimh. 543/2009
Suirbhé Beostoic na Nollag	Bliantúil	2019	6 seachtain	7 seachtain	7 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008
Suirbhé Muc an Mheithimh	Bliantúil	2020	10 seachtain	11 seachtain	11 seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 1165/2008
Cuntais Réigiúnacha Talmhaíochta	Bliantúil	2019	40 seachtain	43 seachtain	---	---
Aschur, Ionchur, Ioncam Talmhaíochta - Meastacháin Tosaigh	Bliantúil	2020	(-) 23 lá	(-) 20 lá	(-) 15 lá	Rialachán (AE) Uimh. 138/2004
Aschur, Ionchur, Ioncam Talmhaíochta - Réamh-Mheastacháin	Bliantúil	2019	65 lá	74 lá	31 lá	Rialachán (AE) Uimh. 138/2004
Aschur, Ionchur, Ioncam Talmhaíochta - Meastacháin Deiridh	Bliantúil	2019	30 seachtain	26 seachtain	39 seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 138/2004
Comhardú Soláthair Feola	Bliantúil	2019	41 seachtain	52 seachtain	---	---
Foirgníocht						
Ceadanna Pleanála	Uair sa ráithe	R3 2020	72 lá	80 lá	90 lá	Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003
Innéacs um Tháirgeadh san Fhoirgníocht	Uair sa ráithe	R3 2020	63 lá	75 lá	60 lá	Rialachán (CE) Uimh. 1165/98 arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006
Tionsclaíocht						
Táirgeadh agus Láimhdeachas	Míosúil	DFómh 2020	37 lá	35 lá	41 lá	Rialachán (CE) Uimh. 1165/98
Stoic Thionsclaíocha (ar StatBank)	Uair sa ráithe	R3 2017	69 lá	70 lá	---	---
Sócmhainní Caipitiúla i dTionsclaíocht (ar StatBank)	Uair sa ráithe	R3 2017	69 lá	70 lá	---	---
Táirgeadh Tionsclaíoch na hÉireann de réir Earnála (PRODCOM)	Bliantúil	2019	30 seachtain	30 seachtain	28 seachtain	Rialachán (CEE) Uimh. 3924/91
Áireamh ar Tháirgeadh Tionsclaíoch – Aonaid Áitiúla, Sonraí Réigiúnacha agus Contae	Bliantúil	2016	100 seachtain	91 seachtain	91 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 295/2008
Sonraí Sealadacha um Tháirgeadh Tionsclaíocht, Leithdháileadh & Seirbhísí	Bliantúil	2017	49 seachtain	48 seachtain	---	Rialachán (CE) Uimh. 295/2008
Staidreamh Ilearnála						
Staidreamh Struchtúrach Gnó	Bliantúil	2018	90 seachtain	91 seachtain	91 seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 295/2008
Staidreamh Amach i ndáil le Fiontair Chleamhnaithe Choigríche (OFATS)	Bliantúil	2018	82 seachtain	87 seachtain	87 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 716/2007
Gnó in Éirinn	Bliantúil	2018	94 seachtain	95 seachtain	---	---
Déimeagrafaíocht Gnó	Bliantúil	2018	82 seachtain	78 seachtain	78 seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 295/2008
Baraiméadar Ualaigh Freagartha	Bliantúil	2019	38 seachtain	52 seachtain	---	---
Caiteachas Gnó ar Thaighde agus Forbairt	Gach 2 bhliain	2017 - 2018	68 seachtain	76 seachtain	90 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 995/2012 lena ndéantar Cinneadh Uimh. 1608/2003/EC a chur chun feidhme
Nuálaíocht i bhFiontair Éireannacha	Gach 2 bhliain	2018	67 seachtain	82 seachtain	90 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 1450/2004 lena ndéantar Cinneadh Uimh. 1608/2003/EC a chur chun feidhme
Fiontair Ardfháis	Bliantúil	2017	112 seachtain	112 seachtain	---	---
Rochtain ar Mhaoiniú	*Ad hoc*	2014	Márta 2016	---	---	---
Praghsanna						
Praghasinnéacs Tomhaltóirí	Míosúil	Samh 2020	30 lá	30 lá	37 lá	Rialachán (AE) Uimh. 2016/792
Praghasinnéacs Réadmhaoine Cónaithe	Míosúil	DFómh 2020	47 lá	50 lá	Ráithe + 85 lá	Rialachán (AE) Uimh. 93/2013
Innéacs um Praghsanna Mórdhíola	Míosúil	DFómh 2020	20 lá	22 lá	35 lá	Rialachán (CE) Uimh. 1165/98
Innéacsanna um Praghsanna Talmhaíochta	Míosúil	DFómh 2020	45 lá	46 lá	47 lá	Rialachán (AE) Uimh. 138/2004
Innéacs Turgnamhach um Praghsanna Táirgeora Seirbhísí	Uair sa ráithe	R3 2020	77 lá	84 lá	112 lá	Rialachán (CE) Uimh. 1165/98
Praghsanna Talmhaíochta: Meastacháin Tosaigh	Bliantúil	2020	(-) 56 lá	(-61) lá	(-61) lá	Rialachán (CE) Uimh. 138/2004
Praghsanna Talún Talmhaíochta	Bliantúil	2019	43 seachtain	43 seachtain	---	---
Ceannaitheoirí Réadmhaoine Cónaithe nach Líonta Tí iad	Bliantúil	2018	26 seachtain	---	---	---
Praghasleibhéil Chomparáideacha um Bhia, Dheochanna agus Thobac	Gach 3 bliana	2018	36 seachtain	---	---	---
Eolaíocht agus Teicneolaíocht						
Staidreamh na Sochaí Faisnéise – Fiontair	Bliantúil	2018	51 seachtain	50 seachtain	50 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 808/2004
Staidreamh na Sochaí Faisnéise - Líonta Tí						***Féach an tSochaí Faisnéise, Staidreamh Sóisialta & Déimeagrafach***

Seirbhísí						
Innéacs Miondíolacháin	Míosúil	DFómh 2020	27 lá	28 lá	38 lá	Rialachán (CE) Uimh. 1165/98 arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1158/2005
Innéacs Seirbhísí Míosúil	Míosúil	DFómh 2020	36 lá	35 lá	---	Rialachán (CE) Uimh. 472/2008 arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 715/2010 ón gCoimisiún, Rialachán (CE) Uimh. 1165/98 ón gComhairle
Turasóireacht agus Taisteal						
Taisteal Thar Sáile	Míosúil	Feabh 2020	26 lá	30 lá	---	Rialachán (AE) Uimh. 692/2011
Turasóireacht agus Taisteal	Uair sa ráithe	R4 2019	71 lá	100 lá	180 lá	Rialachán (AE) Uimh. 692/2011
Suirbhé Taistil an Líon Tí	Bliantúil	2019	---	---	---	---
Staitisticí Aerthaistil agus Muirthaistil	Míosúil	DFómh 2020	31 lá	31 lá	---	---
Iompar						
Ceadúnú Feithiclí	Míosúil	Samh 2020	9 lá	10 lá	---	---
Staidreamh Eitlíochta	Uair sa ráithe	R3 2020	11 seachtain	13 seachtain	13 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 546/2005
Staitisticí um Thrácht Calafoirt	Uair sa ráithe	R2 2020	19 seachtain	17 seachtain	39 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 70/2012
Faradh Bóthair	Uair sa ráithe	R2 2020	21 seachtain	30 seachtain	90 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 70/2012
An tOllchlár Iompair	Bliantúil	2019	43 seachtain	49 seachtain	---	---
Fiosrúchán Fartha Bóthair	Bliantúil	2018	30 seachtain	32 seachtain	43 seachtain	Rialachán (CE) Uimh. 70/2012
Staitisticí um Thrácht Calafoirt	Bliantúil	2019	25 seachtain	26 seachtain	37 seachtain	Treoir Uimh. 2009/42/EC ón gCoimisiún Eorpach
Suirbhé Náisiúnta Iompair	Gach 3 bliana	2019	---	---	---	***Féach Suirbhé ar an Lucht Saothair, Staidreamh Sóisialta & Déimeagrafach***
Feasachán Iompair	Leanúnach	Márta - Samh 2020	---	---	---	---

Aonad um Chomhordú Córas Staidrimh

Foilseachán	Miniciocht	Tráthúlacht Reatha		Spriocam na hOifige	Caighdeán Idirnáisiúnta	Foinse an Chaighdeáin Idirnáisiúnta
		Eagrán	Foilsithe (faoi cheann)			
Tithíocht agus Líonta Tí						
Criochnú Aonad Cónaithe Nua	Uair sa ráithe	R3 2020	42 lá	50 lá	90 lá	
Próifílí Geografacha den Ioncam in Éirinn	Gach 5 bliana	2016	Meith 2019	---	---	---
Tithíocht Shóisialta in Éirinn - Anailís ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)	Aonuaire	2019	Samh 2020	---	---	---
Tionacht agus Líonta Tí in Éirinn	Aonuaire	2016 - 2019	Noll 2020	---	---	---
Oideachas						
Iarmhairtí Ardoideachais	*Ad hoc*	2010 - 2016	Iúil 2019	---	---	---
Iarmhairtí Breisoideachais	*Ad hoc*	2010 - 2016	Iúil 2019	---	---	---
Staidreamh Comhshaoil						
Imréitigh Máil ar Bhreoslaí	Míosúil	DFómh 2020	33 lá	40 lá	---	
Rátálacha Fuinnimh Foirgneamh Cónaithe	Uair sa ráithe	R3 2020	14 lá	30 lá	---	---
Rátálacha Fuinnimh Foirgneamh Neamhchónaithe	Uair sa ráithe	R3 2020	14 lá	30 lá	---	---
Cuir i dTír Éisc ag Báid Éireannacha	Bliantúil	2019	29 seachtain	26 seachtain	---	---
Cuntais um Shreabhadh Ábhar	Bliantúil	2017	117 seachtain	104 seachtain	104 seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 691/2011
Cuntais Chomhshaoil - Astaíochtaí Aeir	Bliantúil	2018	95 seachtain	96 seachtain	91 seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 691/2011
Cánacha Comhshaoil	Bliantúil	2019	29 seachtain	30 seachtain	91 seachtain	Rialachán (AE) Uimh. 691/2011
Fóirdheontais Chomhshaoil agus Aistrithe Comhchosúla	Bliantúil	2018	66 seachtain	66 seachtain	100 seachtain	---
Idiú Uisce Phoiblí de réir Méadar Cónaithe	Bliantúil	2017	122 seachtain	52 seachtain	---	Creat-treoir Uisce an Aontais Eorpaigh (2000/60/CE)
Idiú Gáis Líonraithe	Bliantúil	2019	31 seachtain	39 seachtain	---	---
Ioncam agus Caiteachas Poiblí um Sholáthar Uisce agus Cóireáil Fuíolluisce	*Ad hoc*	2000 - 2013	MFómh 2017	---	---	---
Suirbhé ar Úsáid Fuinnimh Tráchtála	Bliantúil	2017	139 seachtain	104 seachtain	---	---
Táscairí Comhshaoil na hÉireann	Gach 2 bhliain	2020	34 seachtain	13 seachtain	---	---
Daonáireamh na hÉireann: Dearcadh Comhshaoil	---	2011 - 2016	---	---	---	---
Breacadh na hOíche – Solas saorga in Éirinn a mheas ó íomhánna satailíte	Aschur Ceannródaíoch	2015 - 2019	Samh 2020	---	---	---
Fóirdheontais Breoslaí Iontaise	Aonuaire	2018	Samh 2020	---	---	---
Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Tuarascálacha Táscairí						
Táscairí Forbartha Inbhuanaithe	Gach 2 bhliain	2017	24 seachtain	13 seachtain	---	---
SFInna na hÉireann - Sprioc 1: Deireadh le Bochtaineacht	*Ad hoc*	2019	Feabh 2020	---	---	---
SFInna na hÉireann - Sprioc 2: Deireadh le hOcras	*Ad hoc*	2019	Aib 2020	---	---	---
SFInna na hÉireann - Sprioc 3: Dea-Shláinte agus Folláine	*Ad hoc*	2019	Meith 2020	---	---	---
SFInna na hÉireann - Sprioc 4: Oideachas den scoth	*Ad hoc*	2019	Lún 2020	---	---	---
SFInna na hÉireann - Sprioc 5: Cothromas Inscne	*Ad hoc*	2019	Samh 2020	---	---	---

Staidreamh Daonra

Foilseachán	Miniciocht	Tráthúlacht Reatha		Spriocam na hOifige	Caighdeán Idirnáisiúnta	Foinse an Chaighdeáin Idirnáisiúnta
		Eagrán	Foilsithe (faoi cheann)			
Meastacháin Daonra agus Imirce	Bliantúil	Aib 2020	112 lá	140 lá	---	---
Tuartha Réigiúnacha Daonra	Gach 5 bliana	2017 - 2036	Meith 2019	---	---	---
Daonáireamh 2016	Gach 5 bliana					
Réamhthorthaí		2016	14 Iúil 2016	14 Iúil 2016	---	---
Torthaí Achoimre - Cuid 1		2016	6 Aib 2017	6 Aib 2017	---	---
Próifíl 1 - Tithíocht in Éirinn		2016	20 Aib 2017	20 Aib 2017	---	---
Próifíl 2 - Dáileadh agus Gluaiseachtaí Daonra		2016	11 Beal 2017	11 Beal 2017	---	---
Torthaí Achoimre - Cuid 2		2016	15 Meith 2017	15 Meith 2017	---	---
Próifíl 3 - Próifíl Aoise na hÉireann		2016	6 Iúil 2017	6 Iúil 2017	---	---
POWSCAR - Comhad micreashonraí taighde		2016	20 Iúil 2017	20 Iúil 2017	---	---
Staidreamh Daonra um Ceantair Bheaga (SAPS) – Athróga go léir		2016	20 Iúil 2017	20 Iúil 2017	---	---
Próifíl 4 - Líonta Tí agus Teaghlaigh		2016	27 Iúil 2017	27 Iúil 2017	---	---
Próifíl 5 - Daoine gan Dídean in Éirinn		2016	10 Iúil 2017	10 Lún 2017	---	---
Próifíl 6 - Comaitéireacht in Éirinn		2016	31 Lún 2017	31 Lún 2017	---	---
Próifíl 7 - Imirce in Éirinn		2016	21 MFómh 2017	21 MFómh 2017	---	---
Próifíl 8 - An Lucht Siúil, Eitneachas agus Creideamh		2016	12 DFómh 2017	12 DFómh 2017	---	---
Próifíl 9 - Sláinte, Míchumas & Cúramóirí		2016	2 Samh 2017	2 Samh 2017	---	---
Próifíl 10 - Oideachas, Scileanna agus an Ghaeilge		2016	23 Samh 2017	23 Samh 2017	---	---
Próifíl 11 - Fostaíochta, Slite Beatha agus Tionsclaíocht		2016	14 Noll 2017	14 Noll 2017	---	---

Cothrom leis an 18/12/2020

Iarscríbhinn 4: Nochtadh Cleachtas Íocaíochta

Acht um Íoc Pras Cuntas 1997
Tá nósanna imeachta inmheánacha i bhfeidhm chun a dheimhniú go gcomhlíontar an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012).

Íocaíocht Phras le Soláthraithe
Tagann na rialacha agus nósanna imeachta airgeadais agus cuntasaíochta sa Phríomh-Oifig Staidrimh i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha mar aon le ciorcláin agus treoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais. Thug an Rialtas ceanglas breise neamhreachtúil isteach i mí an Mheitheamh 2009 chun tréimhsí íocaíochta gach Roinn agus Oifig Rialtais lena soláthraithe a laghdú ó 30 go 15 lá. Déantar gach iarracht, i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais cuí, chun a chinntiú go n-íoctar na soláthraithe uile laistigh den tréimhse ama seo.

Ceanglais um Thuairisciú
Mar chuid den cheanglas 15 lá um íocaíocht phras, foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh Tuarascálacha Ráithiúla Íocaíochta Prais ar a suíomh gréasáin.

Iarscríbhinn 5: Nochtuithe Cosanta

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014
Tá polasaí curtha ar bun ag an bPríomh-Oifig Staidrimh a éascaíonn timpeallacht d'fhostaithe imní a léiriú maidir le héagóir nó éagóir fhéideartha san ionad oibre.

Leis an bpolasaí tugtar an tacaíocht riachtanach d'fhostaithe ábhair imní macánta a ardú.

Tá Polasaí na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le Tuairisciú ar Nochtú Cosanta foilsithe ar ár suíomh gréasáin.

Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta le linn 2020.